# Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ
# Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024



*Córas Iompair Inbhuanaithe á chur i bhfeidhm do Chách*



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Buaicphointí | 2 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 4 |
| Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach | 8 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 12 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 16 |
| Inbhuanaitheacht | 25 |
| Forbraíochtaí atá Dírithe ar Iompar Poiblí | 46 |
| Comhaltaí an Bhoird | 50 |
| Coistí an Bhoird | 51 |
| Grúpaí Comhairleacha | 52 |
| Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann | 53 |
| Ráiteas um Rialachas Corparáideach | 57 |
| Gnóthas Leantach | 66 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 68 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 69 |
| Ráitis Airgeadais | 71 |

# Buaicphointí

## Barrachas Oibriúcháin

roimh Ús,
Cáin, Dímheas agus
Amúchadh (TRÚCDA)

**€36.2m**
€49.4m in 2023

## Cistiú Caipitil

**€390m**
€382m in 2023

## Líon na bhFostaithe

**12,426**
11,726 in 2023

## Líon na gciliméadar a taistealaíodh (milliúin)

| Bus Átha Cliath | Bus Éireann* | Iarnród Éireann | Iomlán – Grúpa CIÉ |
|---|---|---|---|
| 2024 | 2024 | 2024 | 2024 |
| 62.1m (+5%) | 255.4m (+7%) | 19.4m (+3%) | 336.9m (+6%) |
| 2023 | 2023 | 2023 | 2023 |
| 59.1m | 238.5m | 18.8m | 316.4m |

* Áirítear leis an líon iomlán ciliméadar a taistealaíodh ár bhflít feithiclí féin agus seirbhísí ar conradh.

## Líon na bPaisinéirí (milliúin)

| Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann | Iomlán – Grúpa CIÉ |
|---|---|---|---|
| 2024 | 2024 | 2024 | 2024 |
| 159.3m (+9%) | 111.6m (+4%) | 50.7m (+10%) | 321.6m (+7%) |
| 2023 | 2023 | 2023 | 2023 |
| 146.6m | 107.0m | 46.1m | 299.7m |




Is ar CIÉ a bronnadh an gradam 'Inbhuanaitheacht agus Tuairisciú CSR' ag Gradaim na gCuntas Foilsithe de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte i gCúige Laighean 2024.

## Inbhuanaitheacht

| Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus CIÉ Tours | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann |
|---|---|---|---|
| Buaiteoir an ghradaim 'Inbhuanaitheacht agus Tuairisciú CSR' ag Gradaim na gCuntas Foilsithe de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte i gCúige Laighean | Buaiteoir an ghradaim do Chlár Oiliúna Iarchéime is Fearr na Bliana ag na Gradaim um Shármhaitheas Oibríochtúil | Buaiteoir Ghradam SEAI maidir le Ceannaireacht san Earnáil Phoiblí 2024 | Buaiteoir ghradam an Gheilleagair Chiorclaigh agus an ghradaim 'Straitéis Inbhuanaitheachta na Bliana' ag Gradaim na hÉireann don Cheannaireacht i leith an Athraithe Aeráide, 2024 |

# Ráiteas ón gCathaoirleach



Cheap an rialtas mé i mo Chathaoirleach ar Ghrúpa CIÉ i mí an Mheithimh 2024 agus tá áthas orm mo chéad Tuarascáil Bhliantúil i leith an Ghrúpa a chur i láthair.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Fiona Ross, a bhí sa phost seo romham, as a dúthracht agus a díograis agus as an gcaoi ar stiúir sí Grúpa CIÉ le linn tréimhse ina raibh athrú ó bhonn ag teacht ar an meon i leith an iompair phoiblí, ina raibh leibhéal níos mó infheistíochta caipitil ná riamh ann, agus ina raibh dúshláin le sárú mar gheall ar an bpaindéim COVID.

Is cumasóir bunriachtanach don fhorbairt gheilleagrach agus don chomhtháthú sóisialta é fáil a bheith ar sheirbhísí iompair phoiblí ar féidir brath orthu. Tá ról thar a bheith tábhachtach aige sin freisin maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide, plódú tráchta a laghdú agus caighdeán an aeir a fheabhsú. Tá ról tábhachtach ag Grúpa CIÉ maidir le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (PGA). Dírítear sa phlean sin ar mhéadú 130% ar líon na n-aistear ar sheirbhísí iompair phoiblí a bhaint amach faoi 2030 chun aistriú córa iompair a spreagadh agus chun astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú de réir na sprice atá leagtha síos.

Bíonn tionchar seachtrach nach beag ag an infheistíocht in iompar poiblí ar iomaíochas, ar shoghluaisteacht shóisialta, ar an aistriú cóir agus ar chaighdeán an aeir. Le linn 2024, rinne Grúpa CIÉ 322 aistear paisinéara, an líon ba mhó riamh. Chuige sin, fuaireamar cistiú ón Státchiste tríd an Roinn Iompair, an Roinn Oideachais agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Leis an gcistiú sin, is féidir linn deiseanna a thapú agus seirbhís tharraingteach, ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí agus muid ag rannchuidiú le geilleagar náisiúnta níos inbhuanaithe ag an am céanna.

## Inbhuanaitheacht

In 2024, tháinig treo soiléir chun cinn do bheartas náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide san iompar, rud a neartaigh ról lárnach an iompair phoiblí maidir le spriocanna inbhuanaitheachta na hÉireann a bhaint amach. Is deis uathúil é sin do Ghrúpa CIÉ chun dul i ngleic le hastaíochtaí iompair ach freisin, anuas air sin, is deis é ár seirbhísí a athrú ó bhonn ionas go mbeidh gréasán ísealcharbóin againn, a bheidh éifeachtúil agus inrochtana.

Tá an comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara, leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair fós ríthábhachtach chun an t-aistriú sin a chur i gcrích. Tá an clár infheistíochta i bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus i mbreoslaí malartacha, mar aon le leathnú an ghréasáin DART, ag déanamh athrú mór ar na seirbhísí agus ar an mbonneagar gréasáin. I rith 2024, rinneadh uasghrádú mór ar an mbonneagar iarnróid agus busanna agus cuireadh leis na flíteanna feithiclí, rud a chuir ar ár gcumas dúinn na seirbhísí ísealcharbóin a mhéadú agus a leathnú. Ní hamháin go laghdófar astaíochtaí de bharr na mbeart sin ach feabhsófar caighdeán an aeir agus eispéireas na bpaisinéirí freisin. Ina theannta sin, leanfaimid orainn ag obair i ndlúthpháirt leis an Rialtas chun ár mbeartas iompair agus fuinnimh a ailíniú leis an Eoraip, chun tacú le Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh, agus mar chuid den obair sin beimid ag cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha agus an Oibleagáid maidir le Breoslaí Iompair In-athnuaite.

Tá sé beartaithe ag Grúpa CIÉ freisin tógáil ar threoirthionscadal faoinar suiteáladh painéil ghréine ar ár n-ionaid réadmhaoine, agus creidimid gur féidir leis sin ár spleáchas ar an eangach leictreachais a laghdú agus cabhrú le spriocanna inbhuanaitheachta náisiúnta a bhaint amach. Fágfaidh an tionscadal uaillmhianach sin go spárálfar a lán airgid ar an Státchiste le himeacht ama.

## I rith 2024, rinneadh uasghrádú mór ar an mbonneagar iarnróid agus busanna agus cuireadh leis na flíteanna feithiclí, rud a chuir ar ár gcumas dúinn na seirbhísí ísealcharbóin a mhéadú agus a leathnú.

Ní mór seirbhísí iompair phoiblí a bheith ar fáil do chách agus is príomhthosaíocht don Ghrúpa agus dár bpáirtithe leasmhara é dul chun cinn a dhéanamh maidir le hinrochtaineacht na seirbhísí. Ar fud an ghréasáin, tá Grúpa CIÉ fós ag feabhsú an bhonneagair agus ag cur le hinrochtaineacht na bhfeithiclí agus le heispéireas na gcustaiméirí ionas go mbeidh córas iompair níos áisiúla againn, a chomhlíonann riachtanais na bpaisinéirí uile.

Ó leagadh amach ár spriocanna inbhuanaitheachta in 2020, tá Grúpa CIÉ dírithe ar sholáthar seirbhíse agus ar chur i bhfeidhm. D'éirigh linn tabhairt faoin gclár uaillmhianach sin chun athrú a bhaint amach a bhuí le dlúthchomhar ar fud an Ghrúpa, le rialachas láidir ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, agus le tiomantas leanúnach don infheistíocht. Bhí ról tábhachtach ag Bord CIÉ maidir le ceannaireacht, acmhainní agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil. Áirítear leis sin Ciste Inbhuanaitheachta CIÉ a bhunú ionas gur féidir linn dlús a chur leis an obair chun gealltanais an Ghrúpa a chomhlíonadh. Rinneadh dul chun cinn in 2024 i ngach réimse tábhachtach gníomhaíochta, lena n-áirítear bearta éifeachtúlachta fuinnimh, tuilleadh fuinneamh gréine a ghineadh, agus tiomantas i leith feabhas a chur ar chur chuige an gheilleagair chiorclaigh agus ar bhainistiú acmhainní ar fud oibríochtaí an Ghrúpa.

## Réadmhaoin

Tá CIÉ ag baint úsáid as a ionaid fhairsinge réadmhaoine, atá suite go straitéiseach, chun moil iompair thras-mhódúlacha den chéad scoth a bhunú. Nuair is cuí é, beidh mórfhorbairtí cónaithe agus tráchtála ag gabháil leo, chun eispéireas nuálach, áisiúil a chur ar fáil do chustaiméirí, rud a spreagfaidh iad le haistriú chuig seirbhísí iompair phoiblí.

Leis na Forbraíochtaí de chuid CIÉ atá Dírithe ar Iompar Poiblí (Transit-Oriented Development nó TOD), laghdófar an spleáchas ar charranna trí fhorbraíochtaí ardchaighdeáin a chur ar fáil ar fud chathracha na hÉireann. Tá CIÉ meáite ar an gcineál sin forbraíochtaí a chomhtháthú nuair is féidir é, agus é ag baint úsáid as na gabháltais talún atá ag Grúpa CIÉ i lár bailte agus cathracha.

Lean CIÉ ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún le linn 2024 agus cúis áthais a bhí ann dom gur tosaíodh ar an obair chun árasáin a thógáil gar do Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh. Beidh 300 aonad tithíochta inacmhainne ar fáil dá bharr sin, agus tá géarghá leo.

## Na Conarthaí Dírdhámhachtana

Tá ríméad orm gur shínigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann araon Conarthaí Dírdhámhachtana nua leis an Údarás Iompair Náisiúnta amach sa bhliain 2024. Is muidne an chuideachta iompair phoiblí sa tír seo a leagann an bhéim is mó ar struchtúr tras-mhódúlach i leith oibríochtaí, agus tá an Grúpa tiomanta do bheith ag obair i gcomhar leis an Údarás Iompair Náisiúnta chun féachaint chuige go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach na conarthaí nua sin agus an conradh atá ann cheana le hIarnród Éireann. Fáiltím roimh an leathnú ar na seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí trí BusConnects, tríd an gclár 'Éire á Nascadh' agus trí thionscnaimh eile de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair.

## Pinsin

Dúshlán is ea soláthar inbhuanaithe pinsean atá le sárú ag a lán eagraíochtaí, Grúpa CIÉ ina measc. Mar sin féin, is ag Grúpa CIÉ atá an t-easnamh pinsin is mó sa Stát. Níl costais shochair na scéime inacmhainne. Tá an leibhéal riosca sna scéimeanna ró-ard, nuair a chuirtear san áireamh méid na ndliteanas i gcomparáid le luach eacnamaíoch an Ghrúpa. Rinneadh athchóiriú blianta fada ó shin ar scéimeanna inchomparáide de chuid eagraíochtaí leathstáit. Tá iarrachtaí ar bun ó 2018 i leith athchóiriú a dhéanamh ar scéimeanna pinsin Ghrúpa CIÉ. Is maith is eol dom go bhfuil an méid a íoctar le pinsinéirí atá ina mbaill de scéimeanna an Ghrúpa á laghdú ag an mboilsciú, go háirithe le blianta beaga anuas. Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá súil agam go n-éireoidh leis na hiarrachtaí atá ar bun faoi láthair chun na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm ionas gur féidir soláthar pinsin inbhuanaithe a chinntiú dár bhfostaithe amach anseo, chomh maith le pinsin níos airde.

## Bord na nÓg

Bhí áthas orainn Bord na nÓg de chuid Ghrúpa CIÉ a bhunú in 2024. Is é cuspóir Bhord na nÓg léargas a thabhairt ar straitéis agus ar fheidhmíocht Ghrúpa CIÉ agus meon na hóige a chur in iúl ina leith. Ballraíocht éagsúil, chuimsitheach atá ag an mBord, rud a chothaíonn nuálaíocht agus ceistiú araon maidir lenár dtreo straitéiseach.

## Straitéis an Rialtais

In 2024, d'fháiltigh an Grúpa roimh fhoilsiú an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin, ina leagtar amach moltaí maidir le seirbhísí traenach níos tapa agus níos minice, seirbhísí iarnróid breise do phaisinéirí san iarthuaisceart, leictriú an ghréasáin idirchathrach agus naisc níos fearr le calafoirt, agus é ina mhóraidhm againn aistir thraenach a bheith i bhfad níos tapa agus níos inbhuanaithe ná aistir i ngluaisteáin. I gcás iompar de bhóthar, cuireadh i bhfeidhm an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR), lena mbunaítear ceanglais ar fud na tíre i dtaobh bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, bonneagar athbhreoslaithe hidrigine le haghaidh iompar de bhóthar, agus soláthar leictreachais ar tír do shoithí i gcalafoirt mhuirí a chur i bhfeidhm. Tá Grúpa CIÉ ag obair chun tacú le spriocanna AFIR trí rannpháirtíocht i gcomhpháirtíocht Ghleann Hidrigine SH2AMROCK agus trí ról Iarnród Éireann mar Údarás Calafoirt Eoraphort Ros Láir.

**Seoladh Bhord na nÓg, tionscnamh nua de chuid CIÉ, Meitheamh 2024.**






An tAire Stáit ag an Roinn Iompair, James Lawless, agus Príomhfheidhmeannach BÁC, Billy Hann, ag seoladh an treoirchláir 'Foireann um Aistir Shábháilte' de chuid Bhus Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2024.

## Rialachas an Bhoird

Tá CIÉ agus a fhochuideachtaí tiomanta do chloí leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialachas corparáideach, ag teacht leis an dea-chleachtas, leis an reachtaíocht agus le beartas Rialtais, agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach trédhearcach.

Tá bearta cuí curtha i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ chun cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, ina leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a gcaithfidh Boird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Ina theannta sin, comhlíonann Grúpa CIÉ na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

## Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an iarAire Iompair, an tUasal Eamon Ryan, as an tacaíocht a thug sé do Ghrúpa CIÉ le linn a théimhse oifige. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lena oifigigh sa Roinn Iompair agus leis na hoifigigh san Údarás Iompair Náisiúnta, in NewERA agus sa Roinn Oideachais. Is mór againn an tacaíocht a thug siad dúinn in 2024.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as fónamh ar an mBord agus ar a Choistí agus a Ghrúpaí Comhairleacha éagsúla i rith na bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le Stiúrthóirí na bhfochuideachtaí go léir as an gcúnamh agus an tacaíocht a thugann siad dá bhfochuideachtaí féin agus do CIÉ.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCoiste Feidhmiúcháin as a dhíograis leanúnach agus a rialachas éifeachtach i rith na bliana.

**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*

# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



Chuir Grúpa CIÉ athruithe móra i bhfeidhm in 2024 agus muid ag leanúint ar aghaidh ag forbairt, ag nuachóiriú agus ag comhlíonadh ár ngealltanais i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe a leathnú in Éirinn. Táimid i lár cláir uaillmhianach athraithe, atá dírithe ar dhícharbónú ár bhflít feithiclí agus ár mbonneagair trí infheistíochtaí móra i leictriú ar scála mór agus i mbreoslaí malartacha. Tá na hiarrachtaí sin ag teacht leis an bhfreagracht atá orainn, toisc gur muid an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn, an t-aistriú chuig córas iompair níos inbhuanaithe agus níos seasmhaí a threorú.

Ar cheann de na garspriocanna ba thábhachtaí a bhaineamar amach i mbliana bhí seoladh an chéad fhlít busanna cathrach réigiúnacha lánleictreacha in Éirinn, i Luimneach. Tá athrú mór ar an soláthar seirbhíse i gceist leis an infheistíocht sin in 55 bus ceallra-leictreach dhá stór úrscothach, agus meastar go dtiomáinfidh na busanna os cionn 2.1 milliún ciliméadar saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa gach bliain. In 2024, cuireadh 34 de na busanna sin ar an mbóthar i Luimneach, agus tá sé beartaithe an chuid eile acu, 21 bus, a chur ar an mbóthar go luath in 2025. Rinne Bus Átha Cliath dul chun cinn mór freisin maidir lena iostaí a athchóiriú chun freastal ar fhlít níos mó busanna ceallra-leictreach agus tá breis agus 100 feithicil den sórt sin i mbun seirbhíse cheana féin. Ina theannta sin, tháinig an chéad traein nua DART+ nua chomh fada le hIarnród Éireann. Cúig charráiste atá sa traein sin, agus is í an chéad sciar den ordú 185 carráiste atá ar an mbealach. Beidh sí i mbun seirbhíse ó lár 2026 ar aghaidh. Leis na tionscadail sin, tá an-dul chun cinn déanta chun aistriú chuig córas iompair phoiblí ísealcharbóin.

Chomh maith le leictriú an fhlít feithiclí, tá bearta réamhghníomhacha á ndéanamh ag Grúpa CIÉ chun an inbhuanaitheacht a leabú i ngach gné dár ngnó. Tá oiliúint i leith na hinbhuanaitheachta curtha ar an mBord againn, rud a chinntíonn go mbeidh an inbhuanaitheacht ina príomhthosaíocht ar na leibhéil rialachais is airde. Ag an am céanna, leanfaimid orainn ag ullmhú le haghaidh chomhlíonadh na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) agus Rialachán Tacsanomaíochta an Aontais, rud a chinnteoidh go gcomhlíonfaidh Grúpa CIÉ ionchais rialála atá ag teacht chun cinn agus go gcuirfidh sé leis an trédhearcacht inár bhfeidhmíocht chomhshaoil.

# D'iompraíomar an líon ba mhó paisinéirí riamh agus bhí móriarrachtaí dícharbónaithe ar bun againn ar fud an Ghrúpa.

In 2024, d'fhoilsíomar an tríú hAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus bhíomar páirteach den dara huair i gComhaontú Domhanda na Náisiún Aontaithe. Leathnaíomar ár nochtadh faoin Tionscadal um Nochtadh Carbóin chun an t-athrú aeráide agus bainistíocht uisce a áireamh leis, agus fuair muid rátáil 'B' sa dá chatagóir. Léiríonn na héachtaí seo ár dtiomantas do spriocanna soiléire a leagan síos i leith an chomhshaoil, rioscaí agus deiseanna a mheas, agus a bheith cuntasach i leith caighdeáin inbhuanaitheachta idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, rinneamar socrú le déanaí lenár ngrúpa iasachtóirí maidir le hlasacht atá Nasctha leis an Inbhuanaitheacht, trí spriocanna inbhuanaitheachta a leabú inár gComhaontú Saoráide.

Is príomhláidreacht atá ag Grúpa CIÉ é an cur chuige comhoibríoch atá againn ar fud ár gCuideachtaí Oibriúcháin, trína mbainimid leas as saineolas, acmhainní agus sócmhainní comhroinnte chun éifeachtúlacht agus nuálaíocht a spreagadh. Beidh an tsamhail chomhoibríoch sin ríthábhachtach agus muid ag coinneáil orainn ag suiteáil painéil ghréine ar fud Ghrúpa CIÉ, rud a laghdóidh ár lorg carbóin oibríochtúil a thuilleadh agus a neartóidh ár seasmhacht i leith dúshláin fuinnimh amach anseo. Leis an gcur chuige comhcheangailte sin, féachtar chuige go bhfuilimid ag tarraingt ar láidreachtaí an Ghrúpa chun torthaí níos fearr a bhaint amach do phaisinéirí, d'fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara.

Chomh maith le 322m paisinéir a iompar in 2024, an líon is mór riamh, tá áthas ar an nGrúpa TRÚCDA €36m a thuairisciú i leith na bliana. Anuas ar an bhfeidhmíocht airgeadais láidir, go háirithe i measc gnólachtaí tráchtála áirithe, baineadh amach roinnt garspriocanna oibriúcháin tábhachtacha.

## Buaicphointí Oibriúcháin

Ó thaobh cúrsaí oibriúcháin de, bhí an Grúpa fós ag díriú in 2024 ar bhainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar leathnú seirbhíse i margadh saothair rite, ar bhonneagar luchtaithe a shuiteáil ag roinnt garáistí bus agus ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscadail éagsúla i ndáil le leathnú an iarnróid. Seo thíos cuid de na buaicphointí oibriúcháin ar fud an Ghrúpa in 2024:

- Rinne **Bus Átha Cliath** an líon ba mhó riamh aistear custaiméara, 159m aistear san iomlán, le flít ina bhfuil 1,281 bus agus ar feithiclí leictreacha iad 9% díobh – sciar a rachaidh i méid sna blianta amach romhainn de réir mar a chuirfear tuilleadh busanna leictreacha leis an bhflít agus de réir mar a shuiteálfar bonneagar luchtaithe breise ar fud na ngaráistí.
- Thug **Bus Éireann** isteach roinnt seirbhísí nua faoi chlár OSP an Údaráis Náisiúnta Iompair agus faoin gclár 'Éire á Nascadh' chun leathnú a dhéanamh ar an ngréasán, agus rinneadh breis agus 111 aistear custaiméara, an líon is mó riamh. Ba í Luimneach an chéad chathair réigiúnach inar cuireadh seirbhísí lán-leictreacha bus ar bun. Cuireadh i bhfeidhm treoirthionscadal nua chun seirbhísí OSP agus seirbhísí scoile a chomhtháthú i mí Lúnasa 2024 feadh chonair Luimnigh – Shionainne – na hInse, agus d'éirigh go geal leis.
- D'éirigh le h**Iarnród Éireann** níos mó ná 50m aistear custaiméara a dhéanamh, an líon is mó riamh. Ba é ba chúis leis sin feabhsuithe ar an tráthchlár agus tabhairt isteach carranna iarnróid breise ar na línte idirchathrach chun cur leis an acmhainneacht. Rinneadh dul chun cinn le roinnt mórthionscadail chaipitil, lena n-áirítear ceadú Orduithe Iarnróid do DART+ an Iarthair agus DART+ an Iardheisceart chomh maith le teacht na chéad traenach DART+ nua.

- Lean an borradh a bhí faoi **Eoraphort Ros Láir** agus cuireadh breis agus 235,000 aonad lastais tríd an gcalafort. Sin méadú 7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Leanadh leis an dul chun cinn ar thionscadail forbartha éagsúla, a ndearnadh infheistíocht iomlán de níos mó ná €200m iontu, agus cuireadh mol lóistíochta den scoth ar fáil chomh maith le saoráidí feabhsaithe custaim agus teorann. Tugadh faoin gcéad chéim eile maidir le digitiú an chalafoirt.
- Rinne **CIÉ Tours** níos mó ioncaim ná riamh. Beagán faoi bhun 36,000 custaiméir a thaistil leis an gcuideachta ar fud na hÉireann, na Breataine, na hÍoslainne agus na hIodáile agus ba ag tabhairt cuairt ar oileán na hÉireann a bhí níos mó ná 29,000 de na daoine sin. Bhí leibhéal an tsásaimh custaiméirí thar a bheith ard ag 95%, agus fuarthas Scór 71 i ndáil leis an tír a chur chun cinn. Bhí béim mhór fós á cur ar leathnú straitéiseach in 2024, agus chuir CIÉ Tours lena chuid tairiscintí in Éirinn agus san Iodáil, agus thug sé isteach ceann scríbe úrnua: an Spáinn.
- Rinne **CIÉ Property** dul chun cinn le Máistirphlean Stáisiún Heuston – plean uaillmhianach ina scrúdaítear na deiseanna atá le tapú i leith thailte CIÉ ag Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath agus sa suíomh atá gar dó ag Garáiste Bhóthar Conyngham. Tá breis agus 300 aonad tithíochta inacmhainne á dtógáil ag Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh, i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Idir an dá linn, lean CIÉ Property ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun deiseanna a thapú i láithreacha eile ar fud na tíre.
- Foilsíodh **Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2024 an Ghrúpa**. Leagtar amach sa tuarascáil sin an dul chun cinn atá déanta maidir le straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa a chur chun feidhme.

D’ainneoin na n-éachtaí móra a baineadh amach in 2024, tuigeann CIÉ go bhfuil dúshláin amach romhainn. Ina measc siúd tá an t-ualach atá orainn is muid ag breathnú chun cinn de bharr na moille atá ann ó thaobh dul i ngleic le heasnamh pinsean an Ghrúpa, ganntanas lucht saothair, boilsciú, a chinntiú go bhfuil ár mbonn costais agus ár gcleachtais oibre sách iomaíoch agus go mbeidh dóthain acmhainneachta agus saineolais againn ar fud an Ghrúpa chun na tionscadail chaipitiúla éagsúla a bhfuil baint againn leo a chur i bhfeidhm in am agus de réir buiséid.

Agus muid ag féachaint chun cinn, táimid fós dírithe ar sheirbhísí iompair phoiblí atá inrochtana, iontaofa agus inbhuanaithe a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann. Beidh uaillmhian, nuálaíocht agus comhoibriú de dhíth chun dul i ngleic le dúshlán na haeráide, agus tá Grúpa CIÉ tiomanta do ról ceannródaíoch a ghlacadh chun seirbhísí iompair inbhuanaithe a phleanáil don saol atá romhainn. Táimid buíoch as an tacaíocht leanúnach a fhaighimid ón mBord, ó na fostaithe, ó na custaiméirí, ó pháirtithe leasmhara agus ó chomhpháirtithe Rialtais agus muid ag obair le chéile chun córas iompair níos inbhuanaithe agus níos nasctha a thógáil.

**Lorcan O’Connor**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*




**Triail á baint as Ola Glasraí Hidriginithe (HVO) i bhflít cóistí CIÉ Tours, 2024.**



Droichead nua á chur in ionad Dhroichead na Máighe i gContae Luimnigh, cuid den obair athchóirithe ar an líne idir Luimneach agus Faing.

# Athbhreithniú Airgeadais

**I dtéarmaí foriomlána, tháinig méadú €162m ar an Ioncam in 2024 (ó €1,682m go €1,844m).**

In 2024, tá TRÚCDA €36m á thuairisciú ag Grúpa CIÉ, as a n-eascraíonn glanbharrachas €0.1m tar éis cánach. Leanadh ar aghaidh ag cur leis na seirbhísí iompair phoiblí agus na seirbhísí tráchtála i rith na bliana.

Tá trí thoisc ann is bonn leis an bhfeidhmíocht airgeadais fhoriomlán.

i. Ioncam – lena gcuimsítear
   a. Cistiú OSP agus cistiú eile ón Stát
   b. Ioncam ó Oibríochtaí
ii. Costais Oibriúcháin
iii. Costais Pinsean

## Ioncam

I dtéarmaí foriomlána, tháinig méadú €162m ar an ioncam in 2024 (ó €1,682m go €1,844m). Is é an chúis is mó leis sin an méadú a tháinig ar ioncam ó sheirbhísí OSP ar fud na dtrí Chuideachta Oibriúcháin agus, sna sála air sin, an méadú ar ioncam ón Iompar Scoile i mBus Éireann agus ar an ioncam tráchtála ar fud an Ghrúpa.


In 2024, chuir na trí Chuideachta Oibriúcháin, Iarnród Éireann (IÉ), Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ), seirbhísí iompair phoiblí ar fáil ar bhonn conradh ollchostais. Faoi na conarthaí sin, aisíocann an tÚdarás Náisiúnta Iompair costas comhaontaithe leis na cuideachtaí sin i leith seirbhísí a sholáthar, agus íoctar an t-ioncam ó tháillí díreach leis an Údarás.

Is toisc a chuireann leis an méadú €91m ar an ioncam OSP na seirbhísí agus na bealaí breise a chuir Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ar fáil faoin gclár BusConnects agus 'Éire á Nascadh'.

Léirítear i bhFíor 1 comhdhéanamh an ioncaim iomláin don Ghrúpa ó 2020 go 2024.

Bhí an t-ioncam ó sheirbhísí scoile in 2024 €58m ní b'airde ná mar a bhí in 2023 mar gheall ar an méadú leanúnach ar sheirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear méadú 28% ar líon na ndaltaí a bhfuil riachtanais dá leithéid acu agus atá ag baint leas as

**Fíor 1: Ioncam Iomlán de réir Foinse 2020 go 2024**



an gClár Samhraidh. Lean Bus Éireann ag cur seirbhísí ar fáil do dhaltaí ón Úcráin agus bhí méadú ar an éileamh ar sheirbhísí príomhshrutha mar gheall ar tháillí laghdaithe a bheith fós i bhfeidhm in 2024/25.

Tá méadú €12m á thuairisciú ag an nGrúpa ar ioncam tráchtála (seirbhísí seachas cinn OSP) in 2024 i gcomparáid le 2023. Bhain Bus Éireann, Iarnród Éireann agus CIÉ Tours méadú beag amach.

## Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú €176m ar chostais oibriúcháin na bliana mar gheall gur cuireadh leis na seirbhísí agus mar gheall ar thionchar an bhoilscithe.


- Tháinig méadú €55m ar chostais phárolla, sin méadú 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar an méadú ar líon na mball foirne agus mar gheall ar chomhaontaithe pá a caibidlíodh. Tháinig méadú 6% ar an meánlíon fostaithe i rith na bliana.
- Tháinig méadú €7m ar na costais pinsean, arna gcinneadh ag Achtúire na Scéime faoi FRS102, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar an athrú ar rátaí lascaine, níos mó ball a bheith páirteach sa scéim agus an boilsciú a bheith ag dul i bhfeidhm ar na tuarastail.
- Tháinig ardú €62m ar chostas na gconraitheoirí iompair scoile toisc gur cuireadh seirbhísí breise ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus do scoláirí ón Úcráin, agus toisc gur cuireadh leis na seirbhísí príomhshrutha.
- Tháinig méadú €6m san iomlán ar na costais chothabhála iarnróid, costais na n-ábhar agus costais eile i gcomparáid le 2023, mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht chothabhála, agus clár mór oibreacha a cuireadh i bhfeidhm i mí na Nollag 2024 san áireamh.
- Tá costas an bhreosla méadaithe go €129m (€103m in 2023) de bharr breis seirbhísí a bheith á rith.
- Mhéadaigh na Costais Díolacháin a bhí ar CIÉ Tours i gcomhréir leis an méadú a tháinig ar a ioncam.

Tá achoimre i bhFíor 2 thíos ar phríomhchodanna na gCostas Oibriúcháin..

## Costais Pinsean

Cuimsítear sna ráitis airgeadais costas airgid an tsoláthair pinsean agus costais neamhairgid a bhaineann leis an meastachán cuntasaíochta ar chostais seirbhíse reatha agus an costas measta chun an glandliteanas pinsean a iompar. Tá costais reatha na seirbhíse méadaithe go €78m in 2024 (€71m in 2023). Ina theannta sin, b'ionann an glanchostas airgeadais a bhain leis an dliteanas pinsean a iompar in 2024 agus €11m (2023: €13m) – sin laghdú beag.

**Fíor 2: Costais Oibriúcháin 2024 i gcomparáid le 2023**



# Athbhreithniú Airgeadais *ar lean*

## Brabús Oibriúcháin i leith na Bliana

Mar gheall ar thionchar na dtosca sin ar an bhfeidhmíocht airgeadais, Tuilleamh roimh Ús, Cáin, Díluacháil agus Amúchadh (TRÚCDA) €36m a bhí ag an nGrúpa in 2024, agus glanbharrachas €0.1m.

Léirítear na gluaiseachtaí i dtaobh Ioncaim agus Costas Oibriúcháin i bhFíor 1 agus i bhFíor 2. Léirítear i bhFíor 3 thíos na príomhghluaiseachtaí ba chúis leis an laghdú ar bhrabús oibriúcháin in 2024 i gcomparáid le 2023.


## Nithe Suntasacha eile i dtaobh Airgeadais de

### Airgead agus Saoráidí Baincéireachta


Is é glan-iarmhéid airgid an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2024 €310m (2023: €254m). Tharla an méadú sin i rith na bliana mar gheall ar uainiú na n-íocaíochtaí caipitil oibre a rinneadh gar do thús na bliana 2024. Ar feadh 2024 go léir, bhí an Grúpa ag feidhmiú agus é saor ó ghlanfhiachas agus i staid dhearfach maidir le glanmhéid airgid.

I mí na Bealtaine 2024, rinne an Grúpa athmhaoiniú ar a Chomhaontú Saoráide lena ghrúpa iasachtóirí (Banc na hÉireann, Banc Aontas Éireann agus Barclays Bank plc), agus fuarthas saoráid creidmheasa rothlaigh €80 milliún ar feadh téarma cúig bliana. Ní raibh an tsaoráid sin tarraingthe anuas faoi dheireadh na bliana. Le déanaí, tá spriocanna inbhuanaitheachta curtha leis an gcomhaontú sin ag an nGrúpa ionas gur Iasacht atá Nasctha le hInbhuanaitheacht é, rud a léiríonn a uaillmhianta i leith na hinbhuanaitheachta de dá chomhpháirtithe iasachta.

**Fíor 3: Gluaiseacht sa TRÚCDA 2023 go 2024**




**Fíor 4: Cistiú Caipitil 2020 go 2024**



## Cistiú Deontais don Chlár Caipitil

Fáiltíonn CIÉ roimh an gCistiú Deontais atá fós ar fáil don Chlár Caipitil. An méid céanna, a bheag nó a mhór a bhí i gceist leis, €390m, agus a bhí an bhliain roimhe sin (2023: €382m). Úsáidtear an cistiú sin chun infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní an ghréasáin iompair phoiblí agus chun iad a chothabháil. Maidir le sócmhainní caipitil, ba ar an gclár DART+, Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí, an rothstoc agus cothabháil throm i leith thógáil líne lastais Fhainge a rinneadh cuid mhór den chaiteachas in 2024.

## Pinsin

Is é €361m glandliteanas na scéime pinsean le sochar sainithe ag deireadh na bliana (2023: dliteanas €371m). Bhí luach cóir shócmhainní na scéimeanna amhail an 31 Nollaig 2024 €135m (6%) ní b'airde ná mar a bhí ag deireadh na bliana roimhe sin, ach rinneadh cuid de sin a fhritháireamh leis an méadú €125m (5%) ar dhliteanais na Scéimeanna amhail an 31 Nollaig 2024, rud a fhágann gur tháinig laghdú iomlán €10m ar an dliteanas i leith na bpinsean. Mhéadaigh an muirear ar an ráiteas ioncaim do na scéimeanna pinsin le sochar sainithe ó €83.7 milliún in 2023 go €88.8 milliún in 2024.

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean le sochar sainithe: Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus Scéim Pá Rialta CIÉ. Tá siadsan á gcistiú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Tá na sochair scoir a íoctar faoi na Scéimeanna sin ráthaithe ag sócmhainní na gcistí atá á riar ag iontaobhaithe. Déantar iadsan a infheistiú i sócmhainní éagsúla, amhail cothromais agus bannaí rialtais.

Is ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha a chinntear an luach a chuirtear ar na dliteanais pinsean sna cuntais seo, rud a fhágann, i dteannta leis an leibhéal riosca margaidh atá i gceist sna haicmí sócmhainní éagsúla atá i seilbh an dá Scéim, go bhfuil an Grúpa nochta do luaineachtaí sna rátaí úis fadtéarmacha agus do laghdú ar luachanna sócmhainní, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú mór ar ghlandliteanas na scéime pinsean le sochar sainithe. Is riosca an-ábhartha é sin a chaithfidh an Grúpa a mhaolú.

Cé go ndearnadh roinnt athruithe ar na scéimeanna pinsean le blianta beaga anuas, is léir ó scála an easnaimh pinsean ar chlár comhardaithe an Ghrúpa agus óna leochailí atá cistiú na scéimeanna go bhfuil gá le tuilleadh athraithe chun cabhrú le hinbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa agus chun féachaint chuige go mbeidh socruithe i leith phinsin na mball foirne níos daingne, níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne.

Rinneadh athbhreithniú achtúireach tríbhliantúil ar na scéimeanna i Meán Fómhair 2024 chun measúnú a dhéanamh ar an riachtanas cistiúcháin san fhadtréimhse, agus aithníodh go bhfuil gá le hathruithe breise chun aghaidh a thabhairt ar chostas an tsoláthair pinsin do bhaill foirne reatha agus ar an gcás ina bhfuil pinsinéirí nár méadaíodh a bpinsean le blianta fada. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ach athchóiriú a dhéanamh ar na scéimeanna, beidh cinnteacht níos mó ag gach ball foirne agus pinsinéir agus beidh Grúpa CIÉ in ann pleanáil don todhchaí.

**Fiona O'Shea**
*Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa*

**Bus Éireann ag seoladh an chéad fhlít réigiúnach busanna cathrach leictreacha i Luimneach, Aibreán 2024.**



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Bus Átha Cliath

Cuireann foireann dhíograiseach, chumasach 4,224 duine seirbhísí Bhus Átha Cliath ar fáil ar fud Bhaile Átha Cliath agus Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus is tiománaithe bus iad 3,201 acu.

I measc bhuaicphointí na bliana 2024 bhí:

- 159 milliún aistear paisinéara (an méid ba mhó riamh).
- Barrachas airgeadais €3.1m. Áirítear leis sin brabús €2.0m ar sheirbhísí Dírdhámhachtana na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus ar sheirbhísí eile OSP.
- Bunaíodh treoirthionscadal nua 'Foirne um Aistir Shábháilte', rud ar chuir páirtithe leasmhara, custaiméirí agus fostaithe fáilte roimhe.
- Tá breis agus 100 feithicil leictreach ar an mbóthar ar fud Bhaile Átha Cliath anois.
- Suiteáladh bonneagar in dhá iosta chun tacú leis an bhflít nua feithiclí ceallra-leictreacha agus tá pleananna déanta i leith láithreacha eile.

## Bus Éireann

Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann, a ritheann seirbhísí iompair phoiblí i mbailte agus cathracha ar fud na tíre, agus eatarthu. Trí ghnó atá aige: gnó na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), Expressway, agus an tSeirbhís Iompair Scoile. Déanann Bus Éireann daoine a nascadh le chéile agus leis na rudaí is ansa leo, rud a fheabhsaíonn saol na bpobal ar fud na hÉireann.

I measc bhuaicphointí na bliana 2024 bhí:

- Rinneadh os cionn 111m aistear paisinéara ar sheirbhísí bus sceidealta agus ar sheirbhísí scoile (méadú ó 107m in 2023).
- Easnamh airgeadais €4.2m (2023: easnamh €0.7m).
- Seoladh straitéis chorparáideach nua uaillmhianach dar teideal Horizon 28 – Our Vision for Green Growth, lena bhfuil sé i gceist líon na n-aistear paisinéara a dhúbailt agus a bheith neodrach i dtaobh astaíochtaí de.
- Seoladh an chéad chéim den chéad seirbhís bus cathrach réigiúnach leictreach in Éirinn, i Luimneach, ionas gur féidir 2.1 milliún ciliméadar a thiomáint saor ó astaíochtaí in aghaidh na bliana agus seirbhís níos ciúine agus níos glaine a rith sa chathair.
- Bhuaigh Bus Éireann Gradam Fuinnimh na hEarnála Poiblí de chuid SEAI agus an Gradam Foriomlán Soghluaisteachta agus Iompair 2024 de chuid na hInstitiúide Cairte um Loighistic agus Iompar
- D'éirigh go geal leis an Scéim Iompar Scoile, an ceann is mó dá leithéid san Eoraip. Eisíodh ticéid do 172,500 leanbh, an líon is mó riamh. Bhí níos mó ná 8,000 feithicil ag tiomáint ar bhreis agus 10,500 bealach gach lá scoile, trí úsáid a bhaint as conraitheoirí seachtracha den chuid is mó.
- Cuireadh treoirthionscadal ar bun chun seirbhísí OSP agus seirbhísí scoile a chomhtháthú feadh chonair Luimnigh – Shionainne – na hInse, tionscnamh ceannródaíoch chun acmhainneacht agus inrochtaineacht na seirbhísí scoil bharrfheabhsú, rud atá ríthábhachtach chun cloí leis an athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile 2030, faoina bhfuil sé beartaithe seirbhísí iompair scoile a chur ar fáil do 100,000 dalta breise faoi 2030.

**Lúthchleasaithe Oilimpeacha na hÉireann ag taisteal le Bus Éireann agus iad ag filleadh ar Bhaile Átha Cliath. Sa chéad ró ó chlé go deas: Shane Ryan, Daniel Wiffen, Mona McSharry agus Darragh Greene.**





Príomhfheidhmeannach Iarnród Éireann, Jim Meade, an tAire Iompair, Eamon Ryan, agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis Iompair Náisiúnta, Anne Graham, á cheiliúradh go bhfuil an DART ag feidhmiú le 40 bliain, mí Iúil 2024.

## Iarnród Éireann

Is é Iarnród Éireann a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid náisiúnta na hÉireann, agus a dhéanann gréasán iarnróid na tíre agus na seirbhísí do phaisinéirí agus na seirbhísí lastais a fhorbairt agus a fheidhmiú, agus is é an tÚdarás Calafoirt é i leith Eoraphort Ros Láir.

I measc bhuaicphointí oibriúcháin Iarnród Éireann don bhliain 2024 tá siad seo a leanas:

- 50.7m aistear paisinéara (46.1m in 2023), an líon is airde riamh ar sheirbhísí na cuideachta.
- Easnamh airgeadais €0.4m (2023: barrachas €7.5m).
- Rinneadh feabhsuithe ar na tráthchláir ar na línte idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh, Baile Átha Cliath agus Port Láirge agus Baile Átha Cliath agus Loch Garman i mí Lúnasa, chomh maith le seirbhísí breise a chur le Gréasán Comaitéireachta Chorcaí ag an deireadh seachtaine. Rinneadh leathnú ar na seirbhísí idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste i mí Dheireadh Fómhair ionas gur rith siad gach uair an chloig, agus rinneadh athbhreithnithe ar na tráthchláir chun déileáil le fadhbanna poncúlachta ar sheirbhísí comaitéireachta i gceantar Bhaile Átha Cliath.
- Rinneadh infheistíocht leanúnach sa bhonneagar agus sa fhlít feithiclí agus cuireadh feabhas leanúnach orthu chun freastal ar an mborradh a bheidh faoi ghréasán iarnróid inbhuanaithe, lena n-áirítear na príomhthionscadail seo a leanas:
    - An Clár DART+: D'fhormheas an Bord Pleanála iarratais ar Ordú Iarnróid do DART+ an Iarthair agus an Iardheiscirt, agus cuireadh isteach iarratas i leith DART+ an Chósta Thuaidh. Cuireadh tús freisin le hoibreacha chun saoráidí luchtaithe ceallra-leictreacha a shuiteáil ag Stáisiún Dhroichead Átha.
    - Tháinig an chéad traein den Fhlít nua DART+ i mí Dheireadh Fómhair, agus tá an próiseas tástála, coimisiúnaithe agus formheasa ar siúl sula gcuirfear ag obair í in 2026.
    - Cuireadh 41 carráiste nua ag obair ar an tseirbhís Intercity, rud a chuir acmhainneacht bhreise ar fáil do na haistir sin agus do na seirbhísí comaitéireachta chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh.
    - Seirbhís Comaitéireachta Cheantar Chorcaí: Tá an clár seo á chistiú faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta na hEorpa (EURRF), agus tá na trí ghné de ar siúl anois: tá an t-ardán nua ag Stáisiún an Cheanntaigh beagnach críochnaithe, tá obair ar bun ionas go mbeidh dhá rian sa líne idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann, agus tá comharthaí nua á suiteáil. Beidh an obair sin déanta faoi 2026.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí *ar lean*

- Stáisiúin nua: Osclaíodh Stáisiún na Ciseoige ar an líne chomaitéireachta ó Heuston go Port Laoise i mí Lúnasa; tá obair ar siúl ar Stáisiún DART Woodbrook, lastuaidh de Bhré, agus osclófar an stáisiún i samhradh na bliana 2025.
- Ról an iarnróid sna cathracha réigiúnacha a fheabhsú: Tá obair ar bun go fóill ar Stáisiún Cheannt i nGaillimh agus Stáisiún Phluincéid i bPort Láirge, agus tá sé beartaithe na stáisiúin nua sin a oscailt in 2026. Críochnaíodh Céim 1 de na hoibreacha ar Stáisiún Colbert i Luimneach in 2024.
- An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha: Leanadh ar aghaidh in 2024 le forbairt bogearraí i gcomhair Chóras Bainistíochta Tráchta an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha (an córas lena mbainisteofar an trácht iarnróid nuair a bheidh an tIonad ag feidhmiú), agus tosófar ar an tástáil agus ar an gcoimisiúnú go luath in 2025. Tá sé beartaithe go dtosóidh an tIonad nua ag rialú an ghréasáin iarnróid de réir a chéile, ag tosú i ráithe 4 2025. Meastar go mbeidh an córas iomlán i bhfeidhm go luath in 2027.
- Táthar beagnach réitithe le céim 1 de na hoibreacha ar líne Shionainne – Fhainge, faoina gcuirfear seirbhísí lastais ar fáil arís chuig an bpríomhchalafort ar chósta thiar na hÉireann, agus leanfar le hoibreacha sibhialta eile ionas gur féidir an líne a oscailt in 2026.
- Cuireadh tús le dhá sheirbhís lastais sheachtainiúla nua i Meán Fómhair 2024, idir Calafort Bhaile Átha Cliath agus Béal an Átha. Chun leanúint leis an dul chun cinn faoi straitéis Lastais Iarnróid na cuideachta, ceapadh foireann ildisciplíneach in 2024 chun an straitéis iarnróid a fhorbairt, agus cuireadh tús le hoibreacha tógála ag an bPort Thuaidh i gcomhpháirtíocht le Cuideachta Chalafort Bhaile Átha Cliath chun críochfort



Eoraphort Ros Láir.

## Eoraphort Ros Láir

- Bhí borradh fós faoi Eoraphort Ros Láir agus tháinig méadú arís ar líon na n-aonad lastais a chuaigh tríd – breis agus 235,000 aonad, sin méadú 7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Cé go raibh líon foriomlán na bpaisinéirí ar aon dul le 2023, mar gheall ar an laghdú ar líon na dturasóirí ón Ríocht Aontaithe, tháinig méadú 17% ar líon na bpaisinéirí ó mhór-roinn na hEorpa, an méid ba mhó riamh ón limistéar sin. Baineadh amach buaicphointe airgeadais úr i leith Eoraphort Ros Láir freisin in 2024 nuair a rinneadh ioncam €15.9m, méadú 7% ar bhuaicioncam na bliana 2023.
- Leanadh leis an dul chun cinn ar thionscadail forbartha éagsúla, a ndearnadh infheistíocht iomlán de níos mó ná €200m iontu, agus cuireadh mol lóistíochta den scoth ar fáil chomh maith le saoráidí feabhsaithe custaim agus teorann. Tugadh faoin gcéad chéim eile maidir le digitiú an chalafoirt.
- Osclaíodh saoráidí nua i Eoraphort Ros Láir chun lastas agus paisinéirí a sheiceáil isteach agus críochnaíodh an t-athchóiriú agus an leathnú ar limistéir na leantóirí. Tá an calafort ar an mbóthar ceart fós chun bheith ar an gceann is forbartha san Eoraip ó thaobh teicneolaíocht chliste de, agus réitigh cheannródaíocha á n-úsáid chun oibríochtaí a shruthlíniú, éifeachtúlacht a fheabhsú agus cur le heispéireas an chustaiméara.

## CIÉ Tours

Bliain an-mhaith a bhí ann in 2024 do CIÉ Tours, príomhoibreoir na hÉireann i dtaobh turais chuig an tír




Oscailt oifigí CIÉ Tours in Ireland House, Nua-Eabhrac – Meán Fómhair 2024. Sa phictiúr (ó chlé go deas): Stephen Cotter, Stiúrthóir Bainistíochta, CIÉ Tours; Rosanne Zusman, Príomhoifigeach Tráchtála, CIÉ Tours; an Tánaiste Micheál Martin; Lorcan O'Connor, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Grúpa CIÉ; Stacy Riback, Príomhoifigeach Airgeadais, CIÉ Tours.

seo: rinneadh an t-ioncam ba mhó riamh, rinneadh brabús maith agus bhí na custaiméirí an-sásta leis na seirbhísí. Thaistil beagán faoi bhun 36,000 custaiméir leis an gcuideachta ar fud Éireann, na Breataine, na hÍoslainne agus na hIodáile, agus thug níos mó ná 29,000 díobh sin cuairt ar oileán na hÉireann. Bhí leibhéal an tsásaimh custaiméirí thar a bheith ard ag 95%, agus fuarthas Scór 71 i ndáil leis an tír a chur chun cinn. Ag deireadh 2023, bhí go leor áirithintí déanta i gcomhair shéasúr taistil na bliana 2025, rud a léiríonn arís eile go bhfuil éileamh fós ar Éirinn mar cheann scríbe do thaistealaithe ó Mheiriceá Thuaidh.

I measc bhuaicphointí na bliana bhí oscailt oifigiúil Ireland House i Nua-Eabhrac agus bhí an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Cosanta, Micheál Martin TD, i láthair ag an ócáid sin. Tá an mol sin ar an 17ú hurlár d'fhoirgneamh íocónach MetLife i lár Manhattan, agus tá gníomhaireachtaí tábhachtacha de chuid Rialtas na hÉireann faoi aon díon amháin ann – Ard-Chonsalacht na hÉireann, Bord Bia, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Turasóireacht Éireann, CIÉ Tours agus The Ireland Funds ina measc. Le linn an tsearmanais, bronnadh grianghraf dá athair, Paddy Martin, nach maireann, fear a bhíodh ina thiománaí bus agus ina threoraí le CIÉ Tours, ar an Uasal Martin.

Leagadh béim leis sin ar oidhreacht sheanbhunaithe CIÉ Tours agus ar an méid atá déanta aige i leith earnáil iompair agus earnáil turasóireachta na hÉireann.

Agus a thiomantas don Turasóireacht Fhreagrach á léiriú arís ag an ngnólacht, shínigh CIÉ Tours Dearbhú Ghlaschú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide sa Turasóireacht, lenar gheall sé tacú leis na spriocanna domhanda chun na hastaíochtaí carbóin ón turasóireacht a laghdú de leath faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí de a luaithe is féidir roimh 2050. Sheol CIÉ Tours Ciste Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta freisin chun tacú le tionscadail chomhshaoil agus phobail ar fud a réigiún oibríochta. I measc na dtionscnamh atá ar bun faoi láthair tá iarrachtaí an bhithéagsúlacht a chaomhnú sa Bhoirinn tríd an tionscadal ReFarm agus tacaíocht do Chlub Óige Belvedere i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, le linn 2024, d'éirigh go maith leis an triail a bhain an chuideachta as HVO (ola glasraí hidriginithe) san Irish Gold Tour agus tá sé beartaithe cur leis an úsáid a bhaintear as HVO in 2025, cuireadh i gcrích a céad iniúchadh bliantúil ar thomhais charbóin, agus ghlac sí páirt sa Phlean Pailneoirí Uile-Éireann.

Bhí béim fós ar an leathnú straitéiseach in 2024: chuir CIÉ Tours leis na turais a thairgeann sé in Éirinn agus san Iodáil agus cuir sé tús le turais chuig ceann scríbe úrnua – an Spáinn. Bunaíodh an turas nua Irish Supreme, turas só do ghrúpaí beaga agus lóistín cúig réalta, oíche i gcaisleán agus bia den scoth san áireamh leis, chun daoine ar maith leo saoire ghalánta a mhealladh. Leis an turas nua, Classic Sicily, leagtar béim ar na heispéiris is fearr ar an oileán le linn tréimhse ocht lá, agus leis an turas Best of Spain cuirtear aistear ar fáil ó Mhaidrid go Barcelona trí réigiúin áille an deiscirt – Sevilla, Granada agus Valencia.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí *ar lean*

## Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ

Tá CIÉ, máthairchuideachta an Ghrúpa, freagrach as rialachas foriomlán an Ghrúpa de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus de réir ionchais ár scairshealbhóra, an tAire Iompair, as bainistiú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ agus a phunann réadmhaoine agus, ar deireadh, as raon sainseirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar don Ghrúpa. I measc na seirbhísí sin tá siad seo a leanas:

- réadmhaoin Ghrúpa CIÉ a bhainistiú chun sruth ioncaim coimhdeach a sholáthar a chuidíonn leis na seirbhísí iompair phoiblí a chistiú
- bonneagar teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí feidhmchláir a sholáthar
- seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí
- seirbhísí éileamh, árachais agus bainistíochta riosca
- sainseirbhísí dlí
- bainistíocht cisteáin
- riar na scéimeanna pinsean

Baineadh amach na mór-éachtaí oibríochta seo a leanas in 2024:

- Méadú 25% bliain ar bhliain ar ioncam ó fhorbairt réadmhaoine mar gheall ar dhul chun cinn leanúnach ar shuíomhanna i nGaillimh, i nDuga Spencer agus i gCorcaigh.
- Méadú 22% ar an ioncam bliain ar bhliain ón Líonra Fógraíochta do Chomaitéirí, lenar sáraíodh an buaicioncam a tuilleadh roimhe sin, in 2019.
- Bunaíodh Cibearchlár in 2024 chun comhordú a dhéanamh ar thionscnaimh straitéiseacha shlándála. I measc na dtionscadal a tugadh chun críche bhí suiteáil an réitigh frithvíreas Microsoft Defender ar fud Ghrúpa CIÉ. Is réiteach úrscothach é sin a bhfuil ardfheidhmiúlacht aige chun iompar amhrasach a bhrath.
- Rinneadh athnuachan ar Chomhaontú Saoráide an Ghrúpa leis an ngrúpa iasachtóirí go dtí mí na Bealtaine 2029 agus i mí an Mhárta 2025 comhaontaíodh gur Iasacht Inbhuanaitheachta a bheadh agus go ngeallfaí spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach mar chuid den chomhaontú.
- Den dara bliain as a chéile, bhuaigh Grúpa CIÉ an gradam i gcomhair CSR agus Tuairisciú Inbhuanaitheachta ag Gradaim na gCuntas Foilsithe de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann i mí na Samhna 2024.
- Tosaíodh ar an bpleanáil in 2024 le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach i bpainéil ghréine ar fud fhoirgnimh agus tailte CIÉ. Tá cuid mhaith talún ag Grúpa CIÉ, agus tá an-chuid spáis aige ar na díonta agus sna carrchlóis, rud a fhágann go bhfuil an-deis ann painéil ghréine a shuiteáil chun maolú a dhéanamh ar an mborradh atá faoin éileamh ar an eangach leictreachais mar gheall ar leictriú ár n-oibríochtaí.
- Tugadh chun críche an chéad tuarascáil ó Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ chuig Córas Faireacháin agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann do chomhlachtaí poiblí – áiríodh ann tiomsú sonraí ó na méadair fuinnimh, meastóireacht ar thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, tionchar an taistil gnó agus pleanáil don soláthar foirgneamh.
- Bhunaigh CIÉ Bord na nÓg chun dearcadh éagsúil agus cur chuige cuimsitheach a chur i bhfeidhm i leith ár straitéise inbhuanaitheachta agus ár bhfíse don fhadtréimhse.
- Rinneadh infheistíocht nach beag i gClár Céimithe na Cuideachta Sealbhaíochta lena n-áirítear TF agus Réadmhaoin.

**Straitéis Inbhuanaitheachta Cúig Bliana Bhus Éireann á seoladh, Meitheamh 2024. Príomhoifigeach Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta Bhus Éireann, Rory Leahy, agus Bainisteoir Sinsearach Inbhuanaitheachta Bhus Éireann, Emer Bambrick, le daltaí ó Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Bhearaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.**






An chéad traein cúig charráiste den fhlít nua DART+ á nochtadh in Inse Chór agus é faighte ó Alstom, mí na Samhna 2024.

## Cód Cleachtais

Is é beartas an Ghrúpa é cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Grúpa CIÉ an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chinntiú i ngach ghné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud Ghrúpa CIÉ in 2024 cloí le ceanglais na Rialachán sin.

## Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ lena áirithiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais, lena n-áirítear an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

## Comhairleoireacht agus Costais Dlí

Íocann Grúpa CIÉ as seirbhísí comhairleoireachta i ndáil le caipiteal intleachtúil a chabhraíonn leis an gcinnteoireacht éifeachtach laistigh den eagraíocht i réimsí casta sa chás nach furasta na scileanna a aimsiú san eagraíocht féin. Léirítear i bhFíor 5 achoimre ar na réimsí caiteachais ar an gcomhairleoireacht a thabhaigh Grúpa CIÉ in 2024.

Thabhaigh Grúpa CIÉ costais socraíochta €3.8m agus costais ghaolmhara dlí €1.7m in 2024, i ndáil le 45 cás a chosain breis is €50k.

| Fíor 5: Costais Chomhairleoireachta | €'000 |
|---|---:|
| Bonneagar (Infheistíocht Chaipitil san áireamh) | 24,946 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | 729 |
| Gnéithe Oibriúcháin agus Eile | 3,187 |
| Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta | 1,997 |
| Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais | 462 |
| Dlí | 1,020 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | 51 |
| **Ollchostais Chomhairleoireachta** | **32,392** |
| Costais Chaipitlithe | (24,824) |
| **Glanchostais Chomhairleoireachta** | **7,568** |

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí *ar lean*

## Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 12,426 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2024, sin 700 duine sa bhreis ar líon na bliana 2023.

## Rannpháirtíocht na mBall Foirne

Is a bhuí lenár mbaill foirne a chuirimid seirbhís iompair phoiblí ar fáil atá iontaofa, sábháilte agus éifeachtúil. Is cúis mhisnigh é níos mó paisinéirí ná riamh a bheith ag taisteal linn anois, rud a léiríonn rannpháirtíocht dhearfach bhaill foirne uile Ghrúpa CIÉ. Trí chomhoibriú trasfheidhmeach agus meon láidir oibre foirne, tá ár bhfostaithe an-díograiseach i leith seirbhísí iompair phoiblí den scoth a chur ar fáil, agus cloí le cur chuige atá dírithe ar an gcustaiméir.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Grúpa CIÉ meáite ar thimpeallacht a chothú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina bhfreastalaítear ar dhifríochtaí agus a gcuirtear fáilte rompu. Déanaimid ár ndícheall ionad oibre a bheith againn inar féidir leis na baill foirne go léir lán a gcumais a bhaint amach, agus ina mbíonn meas ar réimse leathan cumas, buanna agus meonta.

Léiríonn na nochtuithe ar fud na gcuideachtaí oibriúcháin bearna phá i bhfabhar na mbán, rud is cúis ríméid dúinn. Is lú an líon ban ná fear atá ag obair i róil áirithe, áfach, rud a spreag iarracht spriocdhírithe ar fud an Ghrúpa chun tuilleamh ban a earcú i réimsí ar nós na tiomána agus na hinnealtóireachta. Leanfaidh an Grúpa lena chuid iarrachtaí chun mná a mhealladh chuig na poist sin agus tacú leo agus iad ag déanamh dul chun cinn ina ngairm chuig róil shinsearacha a bhaint amach ar fud Ghrúpa CIÉ.




## Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Tugann Grúpa CIÉ tús áite don obair le páirtithe leasmhara chun tacú le cuspóirí náisiúnta iompair, cuspóirí sóisialta agus cuspóirí i dtaobh na hinbhuanaitheachta de. Bímid ag féachaint le bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe chun deiseanna a thapú i dtaobh eolas a chomhroinnt agus na cuspóirí atá againn araon a bhaint amach.

Aithníonn an Grúpa an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair ar fud an tionscail agus ar fud an Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag an tír seo i dtaobh forbartha agus na haeráide, agus bonn eolais a chur faoi bheartas na tíre i dtaobh an iompair agus na hinbhuanaitheachta.


I rith 2024, bhí Grúpa CIÉ ag obair le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), le NewEra, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i measc eile, chun straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ a ailíniú le hionchais na bpáirtithe leasmhara.

Tuigeann Grúpa CIÉ an luach a bhaineann le taighde agus nuálaíocht cheannródaíoch agus tá sé ag obair i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí taighde agus forbartha agus le lucht déanta beartas, lena n-áirítear Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Gaillimhe, chun saineolaithe a thabhairt le chéile ionas gur féidir an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach.

**Príomhfheidhmeannach Bhus Éireann, Stephen Kent, agus foireann na Seirbhíse Tacaíochta don Taisteal Neamhspleách, buaiteoirí ghradam na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe ag Gradaim Náisiúnta GEM Bus Éireann 2024.**




Stephen Cotter, Stiúrthóir Bainistíochta CIÉ Tours, agus Jenny Courtney, Príomhfheidhmeannach Chlub Óige Belvedere, le daoine óga a bhaineann leas as cláir an chlub i dtuaisceart lár chathair Bhaile Átha Cliath.



# Is é ár sprioc é ról ceannródaíoch a bheith againn maidir le dícharbónú a dhéanamh ar an iompar in Éirinn, agus seirbhísí a athrú ó bhonn chun rogha iompair éifeachtach, inbhuanaithe a chur ar fáil.

# Inbhuanaitheacht

## An Straitéis Inbhuanaitheachta atá againn

Is plean gníomhaíochta comhordaithe í straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ, a leagadh amach in 2020. Cuirfidh an Grúpa féin i bhfeidhm an straitéis agus tá sí ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Is é an aidhm atá againn ról ceannródaíoch a bheith againn maidir le dícharbónú na hearnála iompair na hÉireann trí thacú leis na spriocanna náisiúnta a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2024 (CBT), go háirithe iad siúd atá dírithe ar rannchuidiú leis an aistriú córa iompair agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Is é an misean atá againn rogha iompair ísealcharbóin a chur ar fáil, lena ndéanfar pobail a nascadh, inrochtaineacht a uasmhéadú agus an bhithéagsúlacht a chosaint, agus lena dtacófar leis an bhfás dlúth.

## Rialachas

Is é is bonn leis an uaillmhian sin ár ndíograis i leith ceannaireachta agus rialachas freagrach. Ghlac Bord agus Grúpa CIÉ cur chuige rialachais inbhuanaitheachta den scoth; chuir siad chun feidhme moltaí an Tascfhórsa um Nochtuithe Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid, chomhtháthaigh siad na moltaí maidir le struchtúir agus straitéis rialachais agus d'fheabhsaigh siad an creat rialachais a thuilleadh trí phrionsabail chreat Chomhaontú Domhanda na Náisiún Aontaithe a ghlacadh. In 2024, thosaigh an Grúpa ag ullmhú le haghaidh tuairisciú faoi na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuaine a leagtar amach sa Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD).

Leis an ailíniú sin ar rialachas agus straitéis, tá an deis ag an nGrúpa cur le scála an dea-thionchair agus na ndeiseanna atá le tapú. Tá straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ á stiúradh agus á comhordú ag an nGrúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta, a fheidhmíonn ar fud an Ghrúpa chun a cuspóirí a bhaint amach agus iad a chur i bhfeidhm i ngach Cuideachta Oibriúcháin.

Amach sa bhliain 2024, feabhsaíodh an timpeallacht rialachais le bunú an Choiste Chomhairligh Inbhuanaitheachta, fochoiste de chuid Bhord CIÉ a cuireadh in ionad an Ghrúpa Chomhairligh Inbhuanaitheachta.

Tuairiscíonn an Grúpa Stiúrtha don Choiste Comhairleach Inbhuanaitheachta trí threo straitéiseach a mholadh agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn. In 2024, lena chinntiú go mbeadh straitéis an Ghrúpa ábhartha i gcónaí agus go ndéanfaí í a iniúchadh go cuí, bhunaigh Grúpa CIÉ Bord na nÓg chun dearcadh éagsúil agus cur chuige cuimsitheach a chur i bhfeidhm i leith ár straitéise inbhuanaitheachta agus ár bhfíse don fhadtréimhse.

**Is é an misean atá againn rogha iompair ísealcharbóin a chur ar fáil, lena ndéanfar pobail a nascadh, inrochtaineacht a uasmhéadú agus an bhithéagsúlacht a chosaint, agus lena dtacófar leis an bhfás dlúth.**



# Inbhuanaitheacht *ar lean*

## Tacú leis an mBeartas Náisiúnta Aeráide

Tá laghdú astaíochtaí bainte amach mar thoradh ar bheartas aeráide náisiúnta na hÉireann, laghdú 6.8% ó 2022 go 2023, rud a fhágann go bhfuil na hastaíochtaí 1.2% faoi bhun leibhéal na bliana 1990 den chéad uair. Is í an earnáil iompair an dara foinse astaíochtaí is mó in Éirinn fós, áfach, agus in 2023 bhí na hastaíochtaí sin 129.2% ní b'airde ná mar a bhí in 1990. Sin an t-ardú is mó a tharla in aon earnáil. Chun spriocanna náisiúnta an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach, ní mór astaíochtaí iompair a laghdú faoina leath faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí de faoi 2050, rud a éilíonn aistriú mór ó charranna príobháideacha go seirbhísí iompair phoiblí ísealcharbóin.

Is é is aidhm leis an mBeartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe líon na n-aistear laethúil ar sheirbhísí iompair phoiblí a mhéadú faoi 130% faoi 2030, agus dá bhrí sin tá ról lárnach ag Grúpa CIÉ i dtaobh chuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Bheartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe a bhaint amach trí bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara chun na seirbhísí a leathnú agus aistriú chuig flíteanna feithiclí ísealcharbóin atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de, rud a chuirfidh ar ár gcumas dúinn aistriú córa iompair a bhaint amach. Tá sé sin ríthábhachtach chun dul i ngleic leis na hastaíochtaí ón earnáil iompair.

Chun tacú a thuilleadh le baint amach spriocanna na hÉireann i leith na haeráide, leag Grúpa CIÉ síos spriocanna uile-Ghrúpa i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí carbóin iomlána Scóip 1 agus 2 a laghdú 51% faoi 2030 i gcomparáid le 2018, an bhliain bhonnlíne. In 2024, shínigh CIÉ Tours Dearbhú Ghlaschú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide sa Turasóireacht, lenar gealladh astaíochtaí ón turasóireacht a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht i leith astaíochtaí a bhaint amach a luaithe is féidir roimh 2050.

I gcomhpháirt lenár bpáirtithe leasmhara, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, tá Grúpa CIÉ ag déanamh leathnú ar na gréasáin iompair phoiblí chun tacú le haistriú chuig córacha iompair inbhuanaithe ar fud na hÉireann, rud a rannchuideoidh go díreach le spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach san earnáil iompair.

Faoi dheireadh 2024, baineadh buaicleibhéal 322 milliún aistear amach ar fud Ghrúpa CIÉ. Sin méadú 7% i gcomparáid le 299.7 milliún in 2023. De réir mar a chuirfear an bonneagar i bhfeidhm, beidh leibhéil éagsúla i gceist leis an méadú ar na seirbhísí ó bhliain go chéile, ach tá leathnú ar na seirbhísí agus aistriú córa iompair á mbaint amach ar fud na tíre de bharr na hinfheistíochta sin.

## Dícharbónú Ár Seirbhísí



Tá Grúpa CIÉ, le tacaíocht ónár bpáirtithe leasmhara, ag glacadh beart chun ár spriocanna a bhaint amach i dtaobh gáis ceaptha teasa a laghdú. Lean Iarnród Éireann ar aghaidh in 2024 leis an obair ar dhearadh an chláir DART+, lena ndéanfar méadú faoina trí ar fhad an ghréasáin leictrithe, lena ndúblófar líon na bpaisinéirí is féidir a iompar, agus lena gcuirfear carráistí leictreacha agus cinn cheallra-leictreacha leis an bhflít traenacha. Baineadh amach garsprioc mhór freisin in 2024 nuair a fuarthas an chéad dá thraein DART+ ón monaróir iarnróid Alstom. Cúig charráiste atá i gceist leo sin agus is 185 carráiste san iomlán atá ordaithe cheana féin. Beidh sí i mbun seirbhíse ó lár 2026 ar aghaidh.


Ina theannta sin, tá Grúpa CIÉ ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun busanna agus carráistí traenach atá saor ó astaíochtaí a fháil agus tá iostaí bus á n-athchóiriú chun freastal ar bhusanna leictreacha faoin gclár BusConnects. In 2024, sheol Bus Éireann an chéad fhlít réigiúnach busanna cathrach leictreacha i Luimneach. Cuireadh 34 bus leictreach ar an mbóthar ansin in 2024 agus cuirfear 21 bus eile leo in 2025. Lean Bus Átha Cliath ag cur i bhfeidhm a fhlít feithiclí leictreacha freisin, agus bhí níos



**Seoladh Bhord na nÓg, tionscnamh nua de chuid CIÉ, Meitheamh 2024.**

**Fíor 6: Sciar d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann de réir earnála in 2023**

Foinse: EPA




mó ná 100 bus leictreach ag feidhmiú faoi dheireadh na bliana. Le linn na tréimhse deich mbliana atá romhainn, beidh Bus Éireann agus Bus Átha Cliath ag cur de réir a chéile leis an gcéatadán busanna atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa, agus cuirfidh Iarnród Éireann leis an úsáid a bhaineann sé as rothstoc leictreach, rothstoc a úsáideann ceallraí agus b'fhéidir rothstoc hibrideach.

Leis an aistriú ó fhlít feithiclí a ritheann ar bhreosla iontaise go dtí córas atá saor ó astaíochtaí, beidh rioscaí romhainn, beidh dúshláin le tapú againn agus beidh srianta oibríochtúla i gceist. Chun féachaint chuige go mbeidh réiteach ann do gach cineál aistir, chun cur le seasmhacht an ghréasáin agus chun cothromú a dhéanamh ar an éileamh ar eangach leictreachais na hÉireann, tá Grúpa CIÉ ag baint triail as breoslaí in-athnuaite malartacha, lena n-áirítear hidrigin ghlas agus ola glasraí hidriginithe (HVO). In 2024, bhain Bus Éireann agus CIÉ Tours triail as breosla HVO ar bhealaí roghnaithe mar chuid de na hiarrachtaí leanúnacha chun roghanna inmharthana breosla ísealcharbóin a mheas.

Tá Grúpa CIÉ ina bhall den chomhghuaillíocht SH2AMROCK, atá ag plé leis an gcéad mhol iompair hidrigine in Éirinn. Cuirfear tús le pacáistí oibre faoin tionscadal sin in 2024.

## Forbraíochtaí atá Dírithe ar Iompar Poiblí

Tá punann fhairsing réadmhaoine ag Grúpa CIÉ agus tá sé meáite ar an réimse poiblí a fheabhsú agus athrú nósanna iompair á chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i bhForbraíochtaí atá Dírithe ar Iompar Poiblí (Transit Orientated Development nó TOD). Táimid ag obair ar fud Ghrúpa CIÉ ar phlean deich mbliana maidir le tionscadail shuaithinseacha amhail Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.

## Infheistiú inár bhFostaithe

Chun straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ a chur i bhfeidhm, ní mór cultúr láidir, cumasach inbhuanaitheachta a leabú ar fud na heagraíochta. Le roinnt blianta anuas, tá infheistíocht déanta ag Grúpa CIÉ chun oideachas agus oiliúint bhreise a chur ar fhostaithe ar gach leibhéal ar fud an Ghrúpa agus feasach a chothú ina measc, rud a d'éascaigh cur i bhfeidhm na dtionscadal inbhuanaitheachta i ranna agus ionaid oibre na rannpháirtithe.

| **Fíor 7:** <br> **Cúrsa** | **Líon na bhfostaithe a bhí cláraithe in 2024** |
|---|---|
| Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe – Leibhéal 7 | 37 |
| *Lean for Sustainability* – Leibhéal 8 | 18 |
| Bunphrionsabail an Rialachais Chomhshaoil agus Shóisialta *(do na Feidhmeannaigh)* | 21 |

## Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de

Mar chuid dár dtiomantas i dtaobh cur le hinbhuanaitheacht ár n-oibríochtaí, bhunaigh Grúpa CIÉ a Chiste Inbhuanaitheachta chun tacú le cur i bhfeidhm straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa. Ó 2022 go 2024, formheasadh buiséad €11.3 milliún chun cistiú a dhéanamh ar 76 tionscadal san iomlán chun gealltanais an Ghrúpa i leith na hinbhuanaitheachta a chomhlíonadh agus spriocanna inbhuanaitheachta chuideachtaí oibriúcháin CIÉ a bhaint amach. Tá cur chuige straitéiseach glactha againn ar fud an Ghrúpa maidir le cistiú a dhéanamh ar an aistriú agus ar chur i bhfeidhm na gníomhaíochta. I measc na réimsí tosaíochta tá aghaidh a thabhairt ar éifeachtúlacht fuinnimh scóip 1 agus scóip 2, an geilleagar ciorclach agus cláir shóisialta dár lucht saothair féin. Tá tús curtha againn le mórchlár faoina suiteálfar painéil ghréine chun dul i ngleic le hastaíochtaí scóip 2 agus ionas nach mbeimid ag brath chomh mór ar an eangach leictreachais náisiúnta. Tá cur chuige straitéiseach glactha againn i leith bainistíocht dramhaíola agus feabhas a chur ar rátaí athchúrsála trí thacú le réitigh deighilte dramhaíola a chur i bhfeidhm sna hiostaí agus sna hoifigí. Is tosaíocht don ghrúpa é an infheistíocht inár lucht saothair féin, agus táimid ag infheistiú i sláinte agus

# Inbhuanaitheacht *ar lean*

folláine ár bhfoirne trí thacú le straitéis an Ghrúpa lena ndírítear ar scagthástáil ar mhaithe le sláinte, oiliúint sláinte agus folláine, agus imeachtaí do na fostaithe agus don phobal. In 2024, roinneadh caiteachas an Chiste Inbhuanaitheachta i measc na gcatagóirí a léirítear i bhFíor 8.

In 2024, sheol CIÉ Tours Ciste Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta, rud a neartaigh a thiomantas don inbhuanaitheacht. Tacóidh an ciste leis na pobail agus na háiteanna a dtugtar cuairt orthu le linn na dturas agus tabharfar aghaidh an tráth céanna ar thionchar a n-oibríochtaí ar an gcomhshaol.

In 2024, chuaigh an Grúpa i gcomhairle le hiasachtóirí ionas go bhféadfaí iasacht atá nasctha leis an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm chun tacú leis an nGrúpa. I rith 2024, bhí an Grúpa ag obair lena chomhpháirtithe baincéireachta chun spriocanna inbhuanaitheachta a leagan síos agus a leabú ina Chomhaontú Saoráide agus go luath in 2025 chuir sé i gcrích comhaontú iasachta atá nasctha leis an inbhuanaitheacht. Is céim thábhachtach chun cinn é sin agus léiríonn sé uaillmhian agus tiomantas an Ghrúpa maidir le spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.

## Nochtadh maidir le Feidhmíocht

Tuairiscíonn Grúpa CIÉ faoi láthair faoi chreataí tuairiscithe deonacha agus cinn sainordaitheacha éagsúla. Ó 2020 i leith, tá Grúpa CIÉ ag tuairisciú ár bhfeidhmíochta a bhaineann leis an aeráid faoin Tionscadal Nochta Carbóin (CDP), agus baineadh scor B amach sa bhliain tuairiscithe atá imithe tharainn maidir le nochtuithe i ndáil leis an athrú aeráide agus le bainistíocht uisce. Leagadh béim ar struchtúr rialachais agus bainistíocht rioscaí agus deiseanna láidir Ghrúpa CIÉ sa tuarascáil scórála CDP. Ina theannta sin, ghlac Grúpa CIÉ páirt i gComhaontú Domhanda na Náisiún Aontaithe den dara huair, agus é ina aidhm aige beartais agus nósanna imeachta a ailíniú leis an dea-chleachtas maidir le cearta an duine, cearta saothair, bearta frith-éillithe agus freagracht chomhshaoil a chur chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí.

I rith 2024, thuairiscigh Grúpa CIÉ faoin gCreat Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA), agus rinne sé dul chun cinn leis an ullmhúchán le haghaidh tuairisciú faoi CSRD agus faoi Rialachán Tacsanomaíochta an Aontais.

Le comhlíonadh na gcaighdeán sin, cuirfear feabhas ar thrédhearcacht, ar chaighdeánú agus ar an measúnú ar thionchair ábhartha, rioscaí agus deiseanna a bhaineann le Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais.

**Fíor 9: Tuairisciú Ghrúpa CIÉ i leith Nochtadh Carbóin**

| Bliain an Tuairiscithe | Ábhar Nochta | Scór |
|---|---|---|
| 2020 | An t-athrú aeráide | B |
| 2021 | An t-athrú aeráide | B |
| 2022 | An t-athrú aeráide | A- |
| 2023 | An t-athrú aeráide | B |
| 2024 | An t-athrú aeráide | B |
| 2024 | Uisce | B |

CDP
DISCLOSURE INSIGHT ACTION


United Nations Global Compact

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

SCIENCE BASED TARGETS
DRIVING AMBITIOUS CORPORATE CLIMATE ACTION

European Commission

**Fíor 8: Caiteachas Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ de réir catagóire 2024**



## An méid atá bainte amach ag Grúpa CIÉ i dtaobh na hInbhuanaitheachta de – Buaicphointí

| Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus CIÉ Tours | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann |
|---|---|---|---|
| Sheol CIÉ Tours Ciste Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta chun tacú le cláir atá dírithe ar an aeráid agus ar an bpobal, amhail ReFarm agus Club Óige Belvedere | Suiteáladh bonneagar luchtaithe ag iosta Bhaile Phib in 2024, agus 44 pointe luchtaithe nua san áireamh | Seoladh an chéad fhlít réigiúnach busanna cathrach leictreacha i Luimneach, agus beidh 55 bus leictreach ar an mbóthar ar fud na cathrach. Meastar go gclúdóidh na busanna sin níos mó ná 2.1 milliún ciliméadar saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa gach bliain. | An flít DART+: Dhá thraein nua faighte, na chéad chinn den ordú nua |
| Rinneadh dul chun cinn maidir le catalógú agus digitiú a dhéanamh ar chartlann Ghrúpa CIÉ. Tá breis agus 1,400 leabhar miontuairiscí agus 1,600 comhad caomhnaithe agus catalógaithe | Suiteáladh córais chun uisce báistí a bhailiú in iosta na Rinne agus iosta Dhomhnach Broc | Suiteáladh réitigh deighilte dramhaíola i láithreacha éagsúla in 2024, agus tá bonneagar deighilte dramhaíola i bhfeidhm ag gach láthair anois | Bhí laghdú 15% ar an úsáid uisce in 2024 |
| Shínigh CIÉ Tours Dearbhú Ghlaschú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide sa Turasóireacht | Seoladh an Fhoireann um Aistir Shábháilte, treoirthionscadal 20 seachtaine atá dírithe ar shábháilteacht agus slándáil a fheabhsú ar fud an ghréasáin | Suiteáladh painéil ghréine ag sé cinn d'iostaí agus stáisiúin | Seoladh an Feachtas um Shábháil Síolta, lena bhfuil cistiú á thabhairt do phlandlanna in Éirinn chun crainn dhúchasacha a fhás |
| Rinneadh cistiú ar 76 tionscadal faoi Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ idir 2022-2024 | Reáchtáladh seacht lá oscailte do mhná chun cur le líon na mban i measc na dtiománaithe bus | Shínigh Bus Éireann an Chairt um Fhostaíocht agus Rannpháirtíocht na nÓg | Suiteáladh scéalchláir 'Past Tracks' i stáisiúin traenach ar fud na tíre |

# Buaicphointí i dtaobh Príomhtháscairí Feidhmíochta Neamhairgeadais

### Modheolaíocht

Nuair a bhíonn siad ar fáil, bainimid úsáid as foinsí seachtracha ginearálta aitheanta, iontaofa amhail Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI agus fachtóirí tiontaithe Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe na Ríochta Aontaithe (DEFRA) chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh atá réasúnach agus cóir. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú go rialta ar bhreithiúnais, meastacháin agus toimhdí. An tráth céanna, aithnímid go bhfuil riosca éiginnteachta i dtaobh torthaí de ag baint le húsáid faisnéise tríú páirtí agus na teicnící thuasluaite.

Féach Aguisín A le haghaidh na bhfachtóirí tiontaithe a úsáideadh sa tuarascáil seo. Sa bhliain tuairiscithe 2024, rinneamar anailís agus athbhreithniú ar an modheolaíocht atá againn maidir le sonraí a bhailiú agus príomhtháscairí feidhmíochta a thuairisciú. Mar thoradh air sin, tá astaíochtaí scóip 1 agus scóip 2 ó bhlianta roimhe sin athluaite mar gheall ar nuashonrú na dtoimhdí chun cruinneas sonraí a fheabhsú, ailíniú níos fearr le modheolaíocht monatóireachta agus tuairiscithe SEAI, agus fachtóirí tiontaithe na mblianta roimhe sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn sonraí nua atá ar fáil.

### Astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 Ghrúpa CIÉ:

In 2021, bhunaigh Grúpa CIÉ sprioc uaillmhianach i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun laghdú 51% a bhaint amach faoi 2030 i dtaobh astaíochtaí carbóin iomlána Scóip 1 agus Scóip 2, i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne, 2018. Is astaíochtaí díreacha gás ceaptha teasa ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Ghrúpa CIÉ iad astaíochtaí Scóip 1, amhail astaíochtaí ó dhó breosla i mbusanna agus i dtraenacha, agus dó gáis nádúrtha i saoráidí atá á n-oibriú ag an gcuideachta. Is astaíochtaí indíreacha gás ceaptha teasa iad astaíochtaí Scóip 2 de bharr giniúint leictreachais ón eangach a cheannaíonn Grúpa CIÉ.

# Buaicphointí i dtaobh Príomhtháscairí Feidhmíochta Neamhairgeadais *ar lean*

Tá dúshlán romhainn ó thaobh ár spriocanna aeráide a bhaint amach, rud a eascraíonn as dinimic chasta ár n-oibríochtaí, go háirithe agus muid ag leathnú ár ngréasáin iompair phoiblí chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh agus ag iarraidh ár n-astaíochtaí carbóin iomlána a laghdú an tráth céanna. Is bac mór é sin, toisc go bhfágann an méadú ar an soláthar seirbhísí gur mó an méid fuinnimh a ídítear agus gur mó an méid astaíochtaí a ghintear.


Faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leagtar síos nach mór laghdú 7% ar an meán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach gach bliain, chun laghdú foriomlán 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030. Dá laghdódh Grúpa CIÉ ár n-astaíochtaí ag ráta seasta go dtí an spriocbhliain 2030, ionas go mbainfí amach an laghdú 51% sin, bheadh laghdú 25.5% bainte amach againn faoi 2024. Laghdaíodh na hastaíochtaí faoi 5.44% ar an iomlán idir 2018 agus 2024 (Fíor 11). Tháinig méadú 2.71% ar astaíochtaí iomlána an Ghrúpa idir 2023 agus 2024, mar gheall ar na hastaíochtaí a bhaineann leis an leathnú seirbhísí. Cé gurb é príomhchuspóir an leathnaithe atá á dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí aistriú córa iompair a chur ar bun agus buiséad na hearnála iompair a laghdú, níl an ráta laghdaithe atá ag teastáil bainte amach ag an nGrúpa go fóill agus beidh orainn dlús a chur leis an laghdú astaíochtaí go dtí 2030 chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Táimid ag gabháil go gníomhach do thionscnaimh chun é sin a dhéanamh, lena n-áirítear aistriú chuig flít feithiclí saor ó astaíochtaí, infheistíocht a dhéanamh i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus féachaint ar theicneolaíochtaí amhail hidrigin ghlas agus breoslaí in-athnuaite.

Sa ghearrthéarma, meastar go leanfaidh an luaineacht i ndáil leis na hastaíochtaí de réir mar a leathnóidh Grúpa CIÉ ár seirbhísí chun freastal ar an mborradh faoin éileamh ó phaisinéirí agus chun aistriú córa iompair a spreagadh. Mar sin féin, de réir mar a mhéadaímid na hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de, lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha agus bithbhreoslaí, meastar go bhfeabhsófar treocht na n-astaíochtaí, agus go mbeidh laghduithe níos mó i gceist agus muid ag teannadh le 2030. Beidh an t-aistriú chuig flít feithiclí ísealcharbóin, chomh maith le feabhsuithe ar an mbonneagar agus tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh, ríthábhachtach chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach inbhuanaithe san fhadtréimhse.

In ainneoin leathnú na seirbhísí, eascraíonn buntáistí comhshaoil agus airgeadais araon as an infheistíocht san aistriú chun cur chuige ísealcharbóin agus táimid tiomanta fós do bheith ag obair leis an Rialtas agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun réitigh iompair ísealcharbóin a chur i bhfeidhm. réitigh atá ailínithe le cuspóirí náisiúnta aeráide. Trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú inár bpleanáil straitéiseach agus trí dheiseanna a thapú, tá sé ina aidhm againn dul chun cinn fiúntach a dhéanamh i dtreo na sprice laghdaithe astaíochtaí in 2030 agus a chinntiú an tráth céanna go mbeidh an t-iompar poiblí fós inrochtana, iontaofa agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

Chun cabhrú le hoibríochtaí a dhícharbónú, tá Iarnród Éireann ag fáil carráistí nua traenach ceallra-leictreacha don fhlít DART+ agus tá Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ag coinneáil orthu ag athrú an fhlít feithiclí ó bhusanna díosail go busanna ceallra-leictreacha. Cabhróidh na bearta sin le hastaíochtaí foriomlána an Ghrúpa a laghdú ach ní

**Fíor 10: Astaíochtaí carnacha Scóip 1 agus Scóip 2 Ghrúpa CIÉ. Gintear astaíochtaí Scóip 1 (astaíochtaí díreacha) trí bhreosla a dhó agus f-gháis a úsáid. Gintear astaíochtaí Scóip 2 (astaíochtaí indíreacha) trí leictreachas a ídiú. Léirítear leis na hastaíochtaí Scóip 2 san fhíor seo ídiú leictreachais in Éirinn.**




líne dhíreach a bheidh i gceist leis an treocht sin, toisc go mbíonn agaí fada tionscanta i gceist chun feabhsuithe oibríochtúla a chur i bhfeidhm agus chun bonneagar a fhorbairt atá riachtanach chun leanúint leis an aistriú sin sna blianta atá romhainn.


Léirítear déine astaíochtaí oibríochtaí Fhlít Ghrúpa CIÉ i bhFíor 12. In 2024, d'athraigh Grúpa CIÉ an cur chuige maidir le déine astaíochtaí a rianú, ó astaíochtaí a thomhas ina kg$CO_2$e in aghaidh an aistir paisinéara go kg$CO_2$e in aghaidh an chiliméadair a thaistil feithiclí Ghrúpa CIÉ. Rinneadh an méid sin chun díriú ar dhícharbónú agus éifeachtúlacht fhlít feithiclí Ghrúpa CIÉ agus ar na hastaíochtaí a eascraíonn go díreach ónár n-oibríochtaí féin de réir mar a leathnóidh an Grúpa a sheirbhísí sna blianta amach romhainn, agus is príomhththáscaire é ar éifeachtúlacht carbóin ghníomhaíochtaí iompair Ghrúpa CIÉ.

I ndiaidh phaindéim COVID-19, a chuir isteach go mór ar sheirbhísí Ghrúpa CIÉ, d'fhill líon iomlán na gciliméadar a thiomáin feithiclí Ghrúpa CIÉ go dtí na leibhéil a bhíodh ann roimh an bpaindéim in 2023 – 156 milliún ciliméadar a clúdaíodh an bhliain sin. In 2024, leathnaíodh seirbhísí Ghrúpa CIÉ agus mhéadaigh líon iomlán na gciliméadar a thiomáin flít feithiclí an Ghrúpa go 163 milliún. Meastar go mbeidh sé ina thoradh ar phleananna Ghrúpa CIÉ i dtaobh na flíteanna busanna agus iarnróid a leictriú, mar aon le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin atá tíosach ar fhuinneamh, go laghdófar arís eile ár n-astaíochtaí carbóin agus déine na n-astaíochtaí i leith gach ciliméadair a chlúdaíonn flít feithiclí Ghrúpa CIÉ.

**Fíor 11: An treocht maidir le hastaíochtaí Scóip 1 agus 2 Ghrúpa CIÉ breactha in aghaidh na treochta astaíochtaí de réir na sprice maidir le laghdú astaíochtaí 51% a bhaint amach faoi 2030. Tá an laghdú astaíochtaí a léirítear sa ghraf maidir le 'sprioc' agus 'iarbhír' á ríomh i leith na bliana bonnlíne 2018.**




**Fíor 12: Líon iomlán na gciliméadar a taistealaíodh breactha in aghaidh déine charbóin an fhlít (kg $CO_2$e in aghaidh an chiliméadair). Ríomhtar déine charbóin an fhlít trí na hastaíochtaí iomlána Scóip 1 agus Scóip 2 a roinnt ar an líon ciliméadar a thaistealaíonn feithiclí a thiomáineann Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann féin.**



# Iarnród Éireann

## Aistriú chuig flít feithiclí íseal-astaíochtaí

Tá Iarnród Éireann ag obair chun aistriú chuig flít feithiclí iarnróid íseal-astaíochtaí, agus é ag díriú ar a bhonneagar agus a fhlít a nuachóiriú chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Mar chuid den iarracht leanúnach seo, tá Iarnród Éireann ag cur an chláir DART+ i bhfeidhm le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair. Faoin gclár sin, déanfar leictriú agus leathnú ar an gcóras DART, agus é ina aidhm an rian leictrithe a mhéadú faoina trí agus an acmhainneacht a dhúbailt i dtaobh paisinéirí a iompar, rud a chuirfidh le héifeachtúlacht ghréasán iarnróid Bhaile Átha Cliath do phaisinéirí.

In 2024, d'fhormheas an Bord Pleanála an t-iarratas ar Ordú Iarnróid chun síneadh a chur leis an ngréasán DART leictrithe ó Chollchoil agus Cill Droichid go Stáisiún Heuston agus deisceart na cathrach trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce. Rinneadh formheas freisin ar DART+ an Iarthair (gan an iosta san áireamh) chun an DART a thabhairt amach chomh fada le Maigh Nuad. Cuireadh an t-iarratas ar Ordú Iarnróid i gcomhair DART+ an Chósta Thuaidh faoi bhráid an Bhoird Phleanála chun seirbhísí DART a thabhairt chomh fada le Droichead Átha.

In 2024 freisin a fuarthas an chéad traein DART+. Cúig charráiste atá sa traein sin, agus is í an chéad cheann as an ordú 185 carráiste atá ar an mbealach. Beidh sí i mbun seirbhíse ó mhí na Bealtaine 2026 ar aghaidh. Ceannaíodh na traenacha i ndá ordú faoin gcreat-chomhaontú i leith suas le 750 carráiste leictreach/ceallra-leictreach i rith tréimhse deich mbliana.

Ag InnoTrans 2024, seó trádála teicneolaíochta iompair idirnáisiúnta, shínigh Iarnród Éireann Meabhrán Tuisceana le ZF maidir le tionscadal athchumhachtaithe nua féideartha. Faoin tionscnamh sin, a bheidh ag tosú in 2025, bainfear úsáid as giarbhosca aistrithe cumhachta sé ghiar EcoWorld 2 chun feithiclí iarnróid atá ann cheana a uasghrádú le gléasra cumhachta nuachóirithe. Meastar go mbeidh sé ina thoradh ar an uasghrádú sin go gcuirfear le héifeachtúlacht an fhlít agus go dtiocfaidh laghdú suas le 20% ar an méid breosla a ídítear, agus costais agus bristí sa tseirbhís á n-íoslaghdú ag an am céanna.

Ina theannta sin, tá Iarnród Éireann ag comhoibriú le DIGAS na Laitvia chun triail a bhaint as an gcéad inneall lastais hidrigine athchóirithe san Eoraip. Is é atá i gceist leis an tionscadal €1.5m sin inneall díosail traenach den Aicme 071 a thiontú ina inneall dócháin inmheánaigh hidrigine, ionas gur féidir é a rith ar bhreosla hidrigine in-athnuaite, atá saor ó astaíochtaí, in ionad díosail. Léireoidh an tionscadal sin cur chuige uathúil ina n-úsáidfear hidrigin san inneall dócháin inmheánaigh atá ann cheana seachas é a fheistiú le cill bhreosla ar leithligh nó inneall hidrigine a chur ann. Táthar tosaithe ag fáil na bpáirteanna, agus tá tástáil sorcóra aonair beartaithe do ráithe 2 2025.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

In 2023, shuiteáil Iarnród Éireann córas painéal gréine ar dhíon stáisiún Heuston faoi threoirchlár chun measúnú a dhéanamh ar an bhfuinneamh a d'fhéadfaí a ghineadh ag an láthair sin. In 2024, leanadh den phleanáil le haghaidh tuilleadh painéil ghréine a shuiteáil ar fud láithreacha Iarnród Éireann.

In 2024 freisin, cuireadh tús leis an bpleanáil le haghaidh measúnuithe ar Rátáil Fuinnimh Foirgneamh (BER) ar fud stáisiúin Iarnród Éireann. Áirítear leis an tionscadal sin measúnuithe BER a dhéanamh ar fhoirgnimh, bonnlíne phunainne a leagan síos chun feabhsuithe a threorú agus tacar sonraí Deimhniúcháin Fuinnimh a leagan síos i leith gach stáisiúin. Beartaítear tosú ar na measúnuithe sin in 2025.

## Seasmhacht i leith na hAeráide

Bunaíodh Tionscadal Cosanta Bonneagair Iarnróid Chósta Thoir Iarnród Éireann (ECRIPP) in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le creimeadh cósta, fadhb atá imithe in olcas de bharr an athraithe aeráide agus tionchair stoirmeacha. Tá céim 2 den tionscadal ar bun faoi láthair, lena n-áirítear oibreacha dearaidh agus staidéir chomhshaoil, agus tá roinnt suirbhéanna déanta chun bonn eolais a chur faoin gcéim sin. Tá cáipéisí tábhachtacha, lena n-áirítear an Tuarascáil Roghanna, an Plean Forghníomhaithe Tionscadail, agus Meastacháin ar Chostais Féidearthachta, curtha faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Iompair.

In 2024, d'fhoilsigh Iarnród Éireann a Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide, ina leagtar béim ar thionchar na haeráide ar sheirbhísí iarnróid, lena n-áirítear báisteach throm agus tuilte, gaoth mhór agus borradh stoirme, ardú ar leibhéal na farraige, teochtaí foircneacha agus triomach. Leagtar amach sa straitéis cur chuige sé chéim chun an tionchar sin a bhainistiú agus a chinntiú gur féidir brath ar an iarnród in ainneoin an athraithe aeráide.

## An Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní

Le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, chuir Iarnród Éireann tús le tionscadal in 2024 chun feabhas a chur ar dheighilt dramhaíola ar fud an ghréasáin iarnróid. Cuireadh bonneagar deighilte dramhaíola nó rapair boscaí bruscair in aon stáisiún déag in 2024, agus tá sé beartaithe tuilleadh den obair sin a dhéanamh in áiteanna eile in 2025.

Bhuaigh Iarnród Éireann gradam an Gheilleagair Chiorclaigh ag Gradaim Cheannaireachta na hÉireann maidir leis an Athrú Aeráide 2024 as ucht a chuid tionscadal athchúrsála agus athúsáide. I measc na dtionscnamh mór tá Siopa Deisiúcháin na bPáirteanna Traenach CME (a shábhálann €5m in aghaidh na bliana trí obair dheisiúcháin a dhéanamh sa chuideachta féin), ábhair dramhaíola adhmaid a thabhairt do White Rabbit (tionscadal athchúrsála do scoileanna áitiúla), agus thart ar thona amháin ábhair garchabhrach neamhúsáidte a thabhairt do Misneach Ukraine, carthanas a thugann cúnamh míochaine do na línte tosaigh sa chogadh san Úcráin.

Ina theannta sin, bhain Iarnród Éireann laghdú 15% amach maidir le húsáid uisce in 2024. Chuige sin, rinneadh monatóireacht ar úsáid uisce trí thaifid bhilleála agus rinneadh píopaí uisce a dheisiú.

## An Bhithéagsúlacht

Lean Iarnród Éireann agus CIÉ ar aghaidh ag forbairt straitéis bhithéagsúlachta i leith ghabháltais talún Iarnród Éireann agus CIÉ. Áireofar ar phríomhghnéithe na straitéise mapáil a dhéanamh ar thalamh agus réadmhaoin CIÉ/Iarnród Éireann, lena n-áirítear 2,200 km stráicí atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de feadh an ghréasáin iarnróid; sócmhainní bithéagsúlachta a mhapáil ar fud thalamh agus réadmhaoin an Ghrúpa; agus féachaint cé na limistéir atá i mbaol ionas gur féidir iad a chosaint agus a athchóiriú.

Thosaigh Iarnród Éireann ag tabhairt airgid do phlandlanna in Éirinn in 2024 chun síolta crann dúchais a bhailiú, a phróiseáil agus a fhás faoin gClár chun Síolta Crann Dúchasach a Bhailiú. Is é is aidhm don tionscnamh sin, a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, gnáthóga bithéagsúla a bhunú, tacú le gnólachtaí Éireannacha agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn. Is é sin an chéad chomhpháirtíocht dá leithéid in earnáil iompair na hÉireann.

Suiteáladh saothar ealaíne nuálach, atá déanta as seanchomharthaí sábháilteachta de chuid Iarnród Éireann, in 2024 ag trá Chill Chomhghaill, Co. Chill Mhantáin, chun caomhnú na coilíneachta Gealbhóg Bheag is mó in Éirinn a chur chun cinn. Tionscadal Gníomhaíochta Cruthaithí agus Gníomhaithe ar son na hAeráide is ea 'Tern the Tide', atá dírithe ar fheasacht an phobail a spreagadh maidir lenár dtimpeallacht nádúrtha agus cabhrú le BirdWatch Ireland agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra lena gcuid iarrachtaí na héin imirceacha neamhchoitianta sin a chosaint.

## Rannpháirtíocht sa Phobal agus Cúrsaí Oidhreachta

Ar feadh 2023 agus 2024, shuiteáil Iarnród Éireann scéalchláir 'Past Tracks' ag stáisiúin éagsúla ar fud na tíre. Cuireadh na scéalchláir sin i stáisiúin traenach chun spéis custaiméirí a mhúscailt ionas go gcuirfidís eolas ar stair an iarnróid agus stair shóisialta na mbailte ina raibh stáisiúin. Tá sé i gceist leis an tionscadal nasc oidhreachta sóisialta agus áitiúla a chothú idir an t-iarnród agus muintir na háite. Cúig scéal a léirítear i ngach scéalchlár, agus tá an ceann deireanach acu dírithe ar fhís inbhuanaitheachta Iarnród Éireann don todhchaí.

## Sláinte agus Folláine

Rinneadh scagthástálacha sláinte do 511 ball foirne ar fud ocht suíomh déag in 2024, lena n-áirítear ceithre oíche ar an láthair ag tacú le grúpaí a bhíonn i mbun oibre san oíche. I mí Dheireadh Fómhair 2024, rinne Iarnród Éireann suirbhé sláinte agus folláine, agus fuarthas 1,069 freagra air. Ina theannta sin, bronnadh breis is €2,000 ar charthanacht a roghnaigh na laochra sláinte agus folláine.

# Príomhtháscairí Feidhmíochta Iarnród Éireann:

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | **50.7** | 46.1 | 35.8 | 47.9 |
| Ciliméadair a thaistil na Traenacha (milliúin) | **19.41** | 18.76 | 18.24 | 18.88 |
| Ciliméadair a thaistil na Traenacha Díosail (milliúin) | **16.89** | 16.32 | 15.87 | 16.43 |
| Ciliméadair a thaistil na Traenacha Leictreacha (milliúin) | **2.52** | 2.44 | 2.37 | 2.45 |

## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus pobail inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Stáisiúin inrochtana (%) | **79** | 79 | 79 | 76 |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhfostaithe | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | **4,814** | 4,559 | 4,339 | 3,782 |
| **Comhionannas inscne** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **12%** | 12% | 11% | 10% |
| Mná i róil ardbhainistíochta (%) | **52%** | 44% | 35% | 18% |
| Comhaltaí boird ar mná iad (%) | **50%** | 50% | 44% | 50% |



'Tern the Tide' á shuiteáil ag Stáisiún Chill Chomhghaill, Cill Mhantáin.

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil*

### Gníomhú ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (tonaí $CO_2$e) | **130,566** | 124,284 | 125,274 | 125,764 |
| Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas a ceannaíodh (tonaí t$CO_2$e) | **17,559** | 16,473 | 19,636 | 24,238 |
| **Úsáid Fuinnimh** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Breosla díosail B0/Díosal Marcáilte i gcomhair Iompar ar Iarnród (L) | **46,100,987** | 43,746,696 | 44,342,632 | 43,985,351 |
| 100% bithbhreosla/Bithbhreosla i gcomhair Iompar ar Iarnród (L) | **3,015,370** | 2,165,569 | – | – |
| Díosal réamhchúirte (L) | **1,280,343** | 1,474,953 | 1,372,239 | 1,458,536 |
| Peitreal réamhchúirte (L) | **223,733** | 179,353 | 69,208 | 41,668 |
| Ídiú fuinnimh iomlán (MWh) | **584,354** | 549,351 | 533,305 | 541,207 |
| Breosla díosail B0/Díosal Marcáilte i gcomhair Iompar ar Iarnród (MWh) | **468,801** | 444,860 | 450,920 | 453,277 |
| 100% bithbhreosla/Bithbhreosla i gcomhair Iompar ar Iarnród (MWh) | **27,468** | 19,727 | – | – |
| Díosal réamhchúirte (MWh) | **12,897** | 14,864 | 13,851 | 14,762 |
| Peitreal réamhchúirte (MWh) | **2,028** | 1,637 | 635 | 382 |
| Gás nádúrtha (MWh) | **10,823** | 8,678 | 7,956 | 8,542 |
| Iompar ar Iarnróid: Leictreachas don DART (kWh) | **26,589** | 26,103 | 26,034 | 26,222 |
| Allmhairí Leictreachais i gcomhair Sócmhainní Seasta (MWh) | **35,680** | 33,478 | 33,908 | 38,021 |
| Luchtú feithiclí leictreacha lasmuigh den láthair (MWh) | **54** | – | – | – |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte | **14.3** | 4.7 | – | – |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2023 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe. Déantar gach ríomh maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an Phrótacail maidir le Gáis Ceaptha Teasa agus na luachanna a bhunaigh SEAI.

## Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistíocht dramhaíola | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Dramhaíl iomlán a gineadh (tonaí) | **2,235** | 2,132 | 2,084 | 2,337 |
| Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonaí) | **1,190** | 1,093 | 1,091 | 1,272 |
| Ráta athchúrsála | **54%** | 51% | 52% | 54% |
| Dramhaíl ghuaiseach (tonaí) | **1,374** | 912 | 707 | 909 |
| **Bainistíocht uisce*** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha) | **246,171** | 288,721 | 367,543 | – |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2023 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe.

# Bus Éireann

## Aistriú chuig flít feithiclí íseal-astaíochtaí

I mí Aibreáin 2024, le tacaíocht ón Údarás Iompair Náisiúnta, sheol Bus Éireann an chéad fhlít réigiúnach busanna cathrach leictreacha i Luimneach. Cuireadh 55 bus nua dhá stór ceallra-leictreach úrscothach ar an mbóthar agus meastar go dtiomáinfidh siad níos mó ná 2.1 milliún ciliméadar saor ó astaíochtaí ar fud chathair Luimnigh gach bliain. Faoi láthair, tá 34 bus lán-leictreacha i mbun seirbhíse i Luimneach, agus meastar go gcuirfear 21 bus eile i mbun seirbhíse go luath in 2025. Beidh 35 stáisiún luchtaithe ar fáil chun freastal ar na busanna leictreacha.

Tá Bus Éireann ag fiosrú teicneolaíocht hidrigine freisin mar fhoinse breosla chomhlántach d'fheithiclí ceallra-leictreacha dá chuid cóistí. In 2024, lean Bus Éireann air ag tiomáint trí bhus hidrigine feadh Chonair Chomaitéireachta Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, agus tá breis agus 195,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa clúdaithe acu agus iad cumhachtaithe ag teicneolaíocht breosla-chille hidrigine ó seoladh iad i lár 2021.

Rinneadh triail HVO i mBus Éireann in 2024 mar réiteach eatramhach ar fheithiclí ar deacair iad a dhícharbónú, le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ. Cuireadh trealamh tiontaithe ar thrí bhus scoile agus ar chóiste amháin de chuid Expressway agus ritheadh iad ar HVO ar bhonn trialach. Sábháladh thart ar 110 tona $CO_2$e in 2024 dá bharr sin.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Shuiteáil Bus Éireann painéil ghréine i sé láthair in 2024 – Sligeach, Droichead Átha, Baile Átha Luain, Gaillimh, Cathair na Mart agus Dún na nGall – agus tá sé beartaithe painéil ghréine a shuiteáil in dhá áit eile in 2025. Meastar go sábhálfar thart ar 385 MWh leictreachais in aghaidh na bliana ar fud na láithreacha sin mar gheall ar na painéil ghréine. Táthar ag íoc as suiteáil na bpainéal gréine sin as ciste inbhuanaitheachta CIÉ.

Bhain Bus Éireann, le tacaíocht ó SEAI, triail as feachtas éifeachtúlachta fuinnimh dar teideal 'Target 10' sa Chloch Leathan in 2024. Cuireadh an feachtas cumarsáide i bhfeidhm i measc na mball foirne agus na dtiománaithe chun cabhrú le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ag an láthair, agus tá sé beartaithe é a leathnú chuig láithreacha breise in 2025.

Bhuaigh Bus Éireann an Gradam Ceannaireachta san Earnáil Phoiblí de chuid SEAI in 2024, agus tugadh aitheantas dó as a cheannaireacht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú an fhlít feithiclí, agus inbhuanaitheacht san earnáil phoiblí.

## An Geilleagar Ciorclach

Le tacaíocht ó Chiste CIÉ, chuir Bus Éireann deighilt dramhaíola i bhfeidhm ar fud roinnt láithreacha in 2024, agus anois tá bonneagar chun dramhaíl a dheighilt i bhfeidhm ag gach láthair. Cabhróidh an tionscnamh sin leis an ráta athchúrsála a fheabhsú.

Agus é ag triail cur lena éifeachtúlacht i dtaobh úsáid uisce, rinne Bus Éireann iniúchtaí uisce agus shuiteáil sé méadair chliste ag seacht stáisiún, le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ. Tá sé ina aidhm aige an clár iniúchta uisce sin a leathnú chuig go leor láithreacha eile, chun cur le hinfheictheacht agus cruinneas a chuid sonraí maidir le húsáid uisce. Tá sé ina sprioc aige laghdú 40% a bhaint amach i dtaobh úsáid uisce faoi 2030.

Maidir lena chonradh éide, tá Bus Éireann ag obair i gcomhpháirtíocht leis na dearthóirí 'We Make Good', dream a dhíríonn ar chomhionannas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn maidir le héadaí a tháirgeadh.

## Sláinte agus Folláine

In 2024, dhírigh Rannóg Sláinte agus Folláine Bhus Éireann ar straitéis folláine a chur i bhfeidhm do na fostaithe, straitéis a bhí bunaithe ar cheithre phríomhcholún: folláine choirp, folláine mheabhrach, folláine airgeadais agus folláine shóisialta. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm a bhí ailínithe leis na colúin agus na spriocanna sin, amhail scagthástáil sláinte a rinneadh ar 303 fostaí, ocht seimineár gréasáin faoi fholláine airgeadais, agus oiliúint a chur ar dheichniúr 'laoch folláine' ar fud na cuideachta in 2024.

## Éagsúlacht agus Comhdheiseanna

In 2024, shínigh Bus Éireann an Chairt um Fhostaíocht agus Rannpháirtíocht Óige, tionscnamh rialtais a chuireann fostaíocht chun cinn do ghrúpaí imeallaithe agus grúpaí tearcionadaithe. Tá sé i gceist leis an gCairt tacú le daoine atá dífhostaithe le fada, daoine óga nach raibh ag obair riamh, daoine faoi mhíchumas, daoine den Lucht Siúil, tuismitheoirí aonair, imircigh agus dídeanaithe, chomh maith le daoine eile nach furasta dóibh post a fháil.

Tá Bus Éireann ag díriú ar sciar na mban de na tiománaithe agus na maoirseoirí a mhéadú 10% ar a laghad faoi 2030 agus reáchtáil sé cúig lá oscailte do thiománaithe mná ar fud na hÉireann in 2024 chun cabhrú leis an sprioc sin a bhaint amach.

**Príomhfheidhmeannach Bhus Éireann, Stephen Kent, an tAire Iompair, Eamon Ryan, agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis Náisiúnta Iompair, Anne Graham, agus flít nua busanna leictreacha Bhus Éireann á sheoladh acu i Luimneach, Aibreán 2024.**



# Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Éireann:

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | **111.6** | 107 | 90 | 84 |
| Ciliméadair a taistealaíodh (a fhlít feithiclí féin) (milliúin) | **81.4** | 78.5 | 76.2 | 84.3 |
| Ciliméadair a taistealaíodh faoi chumhacht díosail (a fhlít feithiclí féin) (milliúin) | **79.9** | 78.0 | 76.1 | 84.3 |
| Ciliméadair a taistealaíodh saor ó astaíochtaí* (a fhlít feithiclí féin) (milliúin) | **1.5** | 0.5 | 0.1 | – |
| Líon na mbusanna ar an mbóthar | **1,138** | 1,104 | 1,099 | 1,148 |

* Áirítear Feithiclí Leictreacha agus cinn a ritear ar Hidrigin agus HVO.


## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus pobail inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Busanna agus cóistí seirbhíse inrochtana (%) | **100%** | 100% | 100% | 65% |
| Stáisiúin bus inrochtana a chomhlíonann an caighdeán (%) | **84%** | 84% | 84% | – |
| **Seirbhísí iompair scoile** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Líon na ndaltaí iompraítear faoin Scéim Iompair Scoile in aghaidh an lae scoile | **172,500** | 162,500 | 151,000 | 117,800 |
| Líon na ndaltaí a iompraítear in aghaidh an lae scoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu | **21,950** | 19,900 | 17,500 | 13,400 |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhfostaithe | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | **3,078** | 2,932 | 2,827 | 2,562 |
| **Comhionannas inscne** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **11%** | 11% | 10% | 9% |
| Mná i róil ardbhainistíochta (%) | **34%** | 34% | 39% | 32% |
| Comhaltaí boird ar mná iad (%) | **44%** | 29% | 29% | 25% |



# Colún 3: An Ghné Chomhshaoil*

## Gníomhú ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (tonaí $CO_2e$) | **71,767** | 72,501 | 73,890 | 78,924 |
| Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas a ceannaíodh (tonaí $CO_2e$) | **1,867** | 1,316 | 1,340 | 1,975 |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Breosla díosail B0 (L) | **5,500,478** | 7,301,230 | 22,672,770 | 23,726,638 |
| Breosla cumaiscthe díosail B7 (L) | **18,418,226** | 16,230,999 | – | – |
| Díosal réamhchúirte (L) | **4,223,796** | 4,323,316 | 4,212,624 | 4,764,592 |
| Ídiú fuinnimh iomlán (MWh) | **297,363** | 292,961 | 283,703 | 301,444 |
| Breosla díosail B0 (MWh) | **55,934** | 74,246 | 230,779 | 241,276 |
| Breosla cumaiscthe díosail B7 (MWh) | **185,529** | 163,568 | – | – |
| Díosal réamhchúirte (MWh) | **42,547** | 43,568 | 42,520 | 48,224 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh sócmhainní seasta (MWh) | **4,727** | 4,047 | 4,017 | 5,236 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh an fhlít feithiclí (MWh) | **1,847** | 616 | – | – |
| Gás nádúrtha (MWh) | **5,148** | 5,496 | 5,084 | 6,189 |
| Breoslaí eile i gcomhair téimh (MWh) | **1,502** | 1,258 | 1,170 | 519 |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte (MWh) | **48.2** | 14.5 | – | – |
| Hidrigin (MWh) | **82** | 147 | 131 | – |
| **Comhdhéanamh an Fhlít Feithiclí (Seachas na Busanna Scoile)** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%) | **83%** | 80% | 80% | 43% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V nó ceann níos sine (%) | **1.2%** | 11.2% | 11.6% | 57% |
| Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%) | **6.6%** | 7% | 8% | – |
| Busanna atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa (faoi thiomáint ag leictreachas nó hidrigin amháin) (%) | **9.2%** | 1.8% | 0.4% | – |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2023 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe. Déantar gach ríomh maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an Phrótacail maidir le Gáis Ceaptha Teasa agus na luachanna a bhunaigh SEAI.

## Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistíocht dramhaíola | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Dramhaíl iomlán a gineadh (tonaí) | **534** | 500 | 620 | 745 |
| Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonaí) | **120** | 117 | 121 | 45 |
| Ráta athchúrsála* | **21.2%** | 23.36% | 20% | 6% |
| Dramhaíl ghuaiseach (tonaí) | **501.4** | 498.7 | 583 | – |
| **Bainistíocht uisce** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha) | **44,840** | 44,412 | 43,768 | – |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2023 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe.

# Bus Átha Cliath

## Aistriú chuig flít feithiclí ísealcharbóin

Chríochnaigh Bus Átha Cliath ag suiteáil bonneagair luchtaithe sa dara láthair in iosta Bhaile Phíb in 2024 agus chuir sé 44 pointe luchtaithe nua ann, in éineacht leis na 56 pointe luchtaithe atá aige cheana san iosta i gCnoc an tSamhraidh, ionas go mbeifear in ann busanna ceallra-leictreacha nua a chur i mbun seirbhíse. Táthar ag ullmhú chun an tríú láthair a leictriú, agus leanfaidh na hoibreacha ar aghaidh go dtí 2025. Tá an clár sin chun aistriú chuig feithiclí leictreacha ina chuid lárnach d'iarrachtaí Bus Átha Cliath seirbhísí bus na hardchathrach a dhícharbónú, rud a chuideoidh le lár na cathrach a bheith níos ciúine agus níos glaine.

Faoi 2030, fágfaidh clár BusConnects Bhaile Átha Cliath go mbeidh 230km de chonairí bus ann i gcomhair seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, inrochtana agus éifeachtach, agus laghdófar an plódú tráchta, an torann agus an truailliú aeir dá bharr sin. Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, cuirfear le líon na bhfeithiclí atá ag Bus Átha Cliath agus busanna saor ó astaíochtaí amháin a bheidh againn faoi 2035 chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh ar sheirbhísí.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, chuir Bus Átha Cliath teicneolaíocht fho-mhéadraithe agus monatóireachta fuinnimh i bhfeidhm i ndeich láthair idir 2023 agus 2024. Tá tuilleadh oibreacha beartaithe ionas go suiteálfar an teicneolaíocht sin ar na méadair leictreachais, uisce agus gháis go léir. Leis sin, beifear in ann monatóireacht níos cruinne a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus úsáid uisce ar fud na n-iostaí.

## An Geilleagar Ciorclach

Rinne Bus Átha Cliath dul chun cinn in 2024 maidir leis an bpleanáil chun bainistíocht dramhaíola a chur i bhfeidhm ar fud na n-oibríochtaí. Le hairgead ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, cuirfear bonneagar deighilte dramhaíola i bhfeidhm i roinnt láithreacha in 2025 agus cuirfear oiliúint ar bhaill foirne, agus é ina aidhm rátaí athchúrsála a fheabhsú agus an méid iomlán dramhaíola a laghdú.

Le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, suiteáladh córais chun uisce báistí a bhailiú in iostaí na Rinne agus Dhomhnach Broc ag deireadh 2024. Tá an teicneolaíocht sin deartha chun spleáchas ar uisce príomhlíonra a laghdú, rud a laghdóidh an brú ar sholáthar uisce Bhaile Átha Cliath.

Bhuaigh Foireann Soláthair Bhus Átha Cliath an gradam 'An Clár Oiliúna is Fearr do Chéimithe' ag na Gradaim Sármhaitheasa Oibríochtúla 2024, as ucht an chúrsa maidir le soláthar a tugadh isteach do chéimithe in 2023.

## An Bhithéagsúlacht

In 2024, thosaigh Bus Átha Cliath ag pleanáil gairdíní bithéagsúlachta ag roinnt iostaí agus suíomhanna, agus iosta Bhaile Anraí san áireamh. Mar gheall ar na gairdíní sin, feabhsófar an bhithéagsúlacht i gcathair Bhaile Átha Cliath agus beidh spásanna amuigh faoin spéir ann d'fhostaithe sa chaoi is go mbeidh siad in ann sult a bhaint as an dúlra le linn sosanna, ag am lóin, nó tar éis an lae oibre.

## Rannpháirtíocht sa Phobal agus Cúrsaí Oidhreachta

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí inbhuanaithe is mó i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus tá ról lárnach aige sna pobail a bhfreastalaíonn sé orthu. Ó bunaíodh é in 1987, tá Bus Átha Cliath tiomanta do chuidiú leis na pobail máguaird trína chuid clár agus tionscnamh.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, sheol Bus Átha Cliath an Fhoireann um Aistir Shábháilte, treoirthionscadal 20 seachtaine atá dírithe ar shábháilteacht agus slándáil a fheabhsú ar fud an ghréasáin. Eascraíonn an treoirthionscadal ceannródaíoch sin as príomh-mholtaí arna gcur chun cinn ag saineolaithe slándála neamhspleácha, agus is cuid de thiomantas leanúnach na cuideachta é timpeallacht shábháilte, fáilteach a chothú do na custaiméirí agus na fostaithe.

## Éagsúlacht agus Comhdheiseanna

Tá Bus Átha Cliath meáite ar dhul i ngleic leis an éagothroime idir na hinscní i measc a fhostaithe. In 2016, d'eagraigh sé a chéad laethanta oscailte do mhná agus é ina aidhm aige tuilleadh ban a earcú le bheith ina dtiománaithe bus. In 2024, reáchtáil Bus Átha Cliath seacht lá oscailte eile do mhná chun cur le líon na n-iarratas ó mhná ar ról tiománaí bus. Tháinig méadú 30% ar líon na dtiománaithe mná in 2024 agus tháinig méadú 200% ar líon na gcigirí mná.

Bhí Bus Átha Cliath ina urraitheoir ar an gcomhdháil WorldSkills Ireland in 2024. Is comhpháirtíocht é Worldskills Ireland idir fiontair, lucht tionsclaíochta, lucht oideachais agus oiliúna agus an Rialtas chun cur le próifíl printíseachtaí agus leis an aitheantas a thugtar do scileanna, agus a ullmhaíonn daoine tréitheacha an lae inniu do ghairmeacha beatha an ama atá le teacht.

In 2024, shínigh Bus Átha Cliath an Chairt um Fhostaíocht agus Rannpháirtíocht Óige, tionscnamh rialtais a chuireann fostaíocht chun cinn do ghrúpaí imeallaithe agus grúpaí tearcfhorbartha. Tá sé i gceist leis an gCairt tacú le daoine atá dífhostaithe le fada, daoine óga nach raibh ag obair riamh, daoine faoi mhíchumas, daoine den Lucht Siúil, tuismitheoirí aonair, imircigh agus dídeanaithe, chomh maith le daoine eile nach furasta dóibh post a fháil. Chomh maith leis sin, ghlac sé páirt sa tionscnamh Open Doors, faoina gcothaítear deiseanna agus bealaí chun cinn do chuid de na daoine imeallaithe sa tsochaí.

## Sláinte agus Folláine

In 2024, lean Bus Átha Cliath de thionscnaimh shláinte agus folláine bhreise a chur chun cinn i gcomhréir lena straitéis fhoriomlán Sláinte agus Folláine. I measc na réimsí ar díríodh orthu i rith na bliana bhí cláir shonracha a bhain le hobair shealaíochta, imeachtaí scagthástála do na fostaithe agus oiliúint a chur ar fhostaithe sa Gharchabhair i réimse na Meabhairshláinte.



# Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Átha Cliath:

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | **159** | 147 | 121 | 143 |
| Ciliméadair a taistealaíodh san iomlán (milliúin) | **62** | 59 | 58 | 58.5 |
| Ciliméadair a taistealaíodh faoi chumhacht díosail (milliúin) | **59.4** | 59.02 | 58 | 58.5 |
| Ciliméadair a taistealaíodh saor ó astaíochtaí (milliúin) | **2.7** | 0.06 | – | – |
| Líon na mbusanna ar an mbóthar | **1,110** | 1,090 | 1,056 | 1,010 |

## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus pobail inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Stáisiúin/stadanna lán-inrochtana (%) | **100%** | 100% | 100% | 100% |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhfostaithe | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | **4,224** | 3,940 | 3,771 | 3,424 |
| **Comhionannas inscne** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **9.4%** | 8% | 8% | 7% |
| Mná i róil ardbhainistíochta (%) | **25%** | 20% | 21% | 22% |
| Comhaltaí boird ar mná iad (%) | **44%** | 44% | 38% | 44% |



## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil*

### Gníomhú ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (tonaí $CO_2e$) | **65,756** | 66,542 | 66,577 | 74,084 |
| Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas a ceannaíodh (tonaí $CO_2e$) | **2,480** | 1,235 | 1,417 | 1,684 |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Breosla díosail B0 (L) | **23,811,466** | 24,180,191 | 24,116,025 | 26,759,294 |
| Breosla bithdhíosail 100% FAME (L) | **1,387,246** | 1,115,620 | – | – |
| Ídiú fuinnimh iomlán (MWh) | **272,631** | 268,407 | 258,643 | 287,689 |
| Breosla díosail B0 (MWh) | **242,139** | 245,888 | 245,236 | 272,115 |
| Breosla bithdhíosail 100% FAME (MWh) | **12,637** | 10,163 | – | – |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh úsáidí eile (MWh) | **4,811** | 4,402 | 4,324 | 4,463 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh an fhlít feithiclí (MWh) | **3,990** | 63 | – | – |
| Úsáid gáis (MWh) | **9,015** | 7,848 | 9,036 | 11,111 |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte (MWh) | **39.3** | 42.4 | 46.5 | – |
| **Sciartha an Fhlít** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro IV (%) | **10%** | 11% | 9% | 14% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V (%) | **13%** | 13% | 14% | 15% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%) | **46%** | 50% | 53% | 46% |
| Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%) | **20%** | 21% | 22% | 0% |
| Feithiclí gan aon astaíochtaí ón sceithphíopa (%) | **9%** | 2% | 0% | 0% |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2023 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe. Déantar gach ríomh maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir an Phrótacail maidir le Gáis Ceaptha Teasa agus na luachanna a bhunaigh SEAI.

### Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach


| Bainistíocht dramhaíola | 2024 | 2023 | 2022 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Dramhaíl iomlán a gineadh (tonaí) | **655** | 662 | 640 | 912 |
| Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonaí) | **486** | 491 | 478 | 658 |
| Ráta athchúrsála | **74%** | 74% | 73% | 72% |
| Dramhaíl Ghuaiseach | **906** | 930 | 1,102 | – |
| **Bainistíocht uisce** | **2024** | **2023** | **2022** | **2018** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha)* | **51,210** | 51,782 | 85,567 | – |

* Tá roinnt figiúirí tugtha cothrom le dáta ó foilsíodh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2023 mar gheall ar mhodheolaíocht ríofa nuashonraithe.

# Aguisín A – Fachtóirí Tiontaithe Ghrúpa CIÉ maidir le hAstaíochtaí Carbóin

| Catagóir Astaíochtaí | Foinse Astaíochtaí $CO_2$e | Fachtóir Tiontaithe | Aonad | Foinse |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | Gás Nádúrtha | 0.000204741 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Gás Nádúrtha' |
| | Ceirisín | 0.000257004 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Ceirisín' |
| | BioLPG | 0 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'BioLPG' |
| | Bithbhreosla (100% FAME) | 0 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Bithdhíosal ME' ó fhoinsí bithmhaise a mheastar a bheith inbhuanaithe |
| | Díosal (iontaise) | 0.000263868 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (iontaise)' |
| | Díosal (cumasc 2024) | 0.000242274 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2024)' |
| | Díosal (cumasc 2023) | 0.000243282 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2023)' |
| | Díosal (cumasc 2022) | 0.000246893 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2022)' |
| | Díosal (cumasc 2021) | 0.000249628 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2021)' |
| | Díosal (cumasc 2020) | 0.000248997 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2020)' |
| | Díosal (cumasc 2019) | 0.000250494 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2019)' |
| | Díosal (cumasc 2018) | 0.000253186 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Díosal (cumasc 2018)' |
| | Gás R410A (modheolaíocht nuashonraithe 2023) | 1.924 | tonaí $CO_2$e/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'R410A' – foilsithe in 2023 ag baint úsáid as AR5 GWP |
| | Gás HFC32 (modheolaíocht nuashonraithe 2023) | 0.677 | tonaí $CO_2$e/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'HFC32' – foilsithe in 2023 ag baint úsáid as AR5 GWP |
| | Gás R134A/HFC134A (modheolaíocht nuashonraithe 2023) | 1.30 | tonaí $CO_2$e/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'HFC134A' – foilsithe in 2023 ag baint úsáid as AR5 GWP |
| | Gás R407C (modheolaíocht nuashonraithe 2023) | 1.624 | tonaí $CO_2$e/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'R407A' – foilsithe in 2023 ag baint úsáid as AR5 GWP |
| | Gás HCFC22 (modheolaíocht nuashonraithe 2023) | 1.760 | tonaí $CO_2$e/kg | Fachtóir tiontaithe DEFRA 'HCFC-22/R22' = clóraidhéfhluaraimeatán' – foilsithe in 2023 ag baint úsáid as AR5 GWP |
| | Ceirisín (L) go Ceirisín (kWh) | 10.18 | kWh/L | Fachtóir tiontaithe SEAI 'luachanna calracha – ceirisín' |
| | LPG (L) go LPG (kWh) | 6.8 | kWh/L | Fachtóirí Tiontaithe agus Astaíochta SEAI – foilsithe 2023 |
| | Gás peitriliam leachtach | 0.000229284 | tonaí $CO_2$e/kWh | Fachtóirí Tiontaithe agus Astaíochta SEAI – foilsithe 2024 |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (100% FAME) | 9.10936 | kWh/L | Luach calrach SEAI 'bithdhíosal íon' |
| | Peitreal (iontaise) (L) go Peitreal (kWh) | 9.348 | kWh/L | Luach calrach SEAI 'peitreal (iontaise)' |
| | Bith-eatánól (L) go Bith-eatánól (kWh) | 5.888 | kWh/L | Luach calrach SEAI 'bith-eatánól íon' |
| | Peitreal (L) go Peitreal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2024) | 9.063 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 8.24% de réir toirte |
| | Peitreal (L) go Peitreal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2023) | 9.126 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 6.43% bithdhíosail de réir toirte |
| | Peitreal (L) go Peitreal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2022) | 9.177 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 4.94% bithdhíosail de réir toirte |
| | Peitreal (L) go Peitreal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2021) | 9.178 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 4.91% bithdhíosail de réir toirte |
| | Peitreal (L) go Peitreal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2020) | 9.176 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 4.98% bithdhíosail de réir toirte |
| | Peitreal (L) go Peitreal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2019) | 9.176 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 4.97% bithdhíosail de réir toirte |
| | Peitreal (L) go Peitreal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2018) | 9.178 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 4.92% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2024) | 10.0731 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 9.05% bithdhíosail de réir toirte |

| Catagóir Astaíochtaí | Foinse Astaíochtaí $CO_2e$ | Fachtóir Tiontaithe | Aonad | Foinse |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2023) | 10.0775 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 8.6% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2022) | 10.0935 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 7.1% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc réamhchúirte 2021) | 10.1056 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 5.987% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2020) | 10.1028 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 6.250% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2019) | 10.1094 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 5.625% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (cumasc stáisiúin peitril 2018) | 10.1213 | kWh/L | Meastachán CIÉ ar luach calrach ag baint úsáid as meán náisiúnta SEAI i leith cumasc bithbhreosla de 4.498% bithdhíosail de réir toirte |
| | Díosal (L) go Díosal (kWh) (breosla iontaise 100%) | 10.169 | kWh/L | Fachtóir tiontaithe SEAI 'luachana calracha – díosal (breosla iontaise 100%)' |
| Scóip 2 | Hidrigin | 0.000179 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir Astaíochta BÉ |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2024 | 0.000281748 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2024' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2023 | 0.000318951 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2023' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2022 | 0.00033917 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2022' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2021 | 0.000355612 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2021' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2020 | 0.000297723 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2020' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2019 | 0.000332194 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2019' |
| | Leictreachas ón eangach – Éire 2018 | 0.000377286 | tonaí $CO_2e$/kWh | Fachtóir tiontaithe SEAI 'Leictreachas ón eangach – Éire 2018' |



# Forbraíochtaí atá Dírithe ar Iompar Poiblí

## Faoi chuspóirí forbartha CIÉ, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta dhea-dheartha, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair

Tá Grúpa CIÉ tiomanta d'fhorbraíochtaí atá dírithe ar iompar poiblí, agus é ag baint úsáid as na hionaid réadmhaoine fhairsinge, lárnacha atá i bpunann Ghrúpa CIÉ chun féachaint chuige go ndéanfar an soláthar is fearr is féidir ó thaobh tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha de, a bheidh gar do sheirbhísí iompair ardchaighdeáin, ardmhinicíochta.

Faoi chuspóirí forbartha CIÉ, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta dhea-dheartha, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair.

Tá tionscadail ar bun faoi láthair ag Grúpa CIÉ lena n-áirítear Máistirphlean Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.

### Máistirphlean Heuston

Is treoirphlean é Máistirphlean Heuston chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar thailte ag Stáisiún Heuston i gcomhair úsáidí éagsúla, mar eiseamláir den fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí.

Tá thart timpeall is 10 heicteár talún a d'fhéadfaí a fhorbairt, agus d'fhéadfadh an stráice talún sin a bheith oiriúnach d'fhorbraíocht ilchineálach os cionn 210,000 méadar cearnach, a mbeadh breis agus 1,000 aonad cónaithe san áireamh léi.

Tá pacáistí oibre ar siúl a bhaineann le bealaí breise do choisithe, do rothaithe agus do dhaoine a dteastaíonn cúnamh rochtana uathu, agus chun páirtithe leasmhara a athlonnú. Tá sé beartaithe formheas a lorg ón mBord in 2025 chun an dá phacáiste a chur ar aghaidh chuig céim na n-iarratas ar chead pleanála.

Tá CIÉ agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag fiosrú an bhféadfaí feabhsuithe breise a dhéanamh ar na naisc idirmhódúla ag Stáisiún Heuston.

HEUSTON
MASTERPLAN

## Máistirphlean Stáisiún Colbert, Luimneach

Tá Grúpa CIÉ ag obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus le Méara Luimnigh ar thograí chun tailte a athnuachan ag Stáisiún Colbert, ag teacht le Creat Spásúlachta Cheantar Stáisiún Colbert, rud atá beartaithe a bheith ina eiseamláir den fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí agus ina mbeidh suas le 2,800 ionad cónaithe. Táthar ag smaoineamh ar dháileachtaí tosaigh de ghabháltas CIÉ ag Colbert a chur ar fáil go luath chun forbraíochtaí tithíochta a chur chun cinn.

Cuireadh síneadh le slí dhála Stáisiún Colbert chun seirbhísí Bhus Éireann a chomhtháthú go hiomlán léi. Tá 21 cuas bus nua ar an tslí dhála, mar aon le hoifigí ticéad inrochtana nua, aonaid mhiondíola agus leithris, agus rinneadh oibreacha athchóirithe ar na saoráidí a bhí ann cheana. Osclaíodh na saoráidí sin in 2024.



## Cé Uí Argáin, Corcaigh

Cuimsítear i gCé Uí Argáin sé acra d'fhorbraíocht ilúsáide atá dírithe ar iompar poiblí, lena n-áirítear ríocht phoiblí nua atá nasctha le Stáisiún an Cheanntaigh. Tá sé beartaithe spás oifige iomlán 29,000 méadar cearnach a bheith ann. Tá céim 1 tugtha chun críche agus tá Apple agus Regus bogtha isteach san fhoirgneamh. Tá Óstán an Dean ag trádáil ó dheireadh na bliana 2020.

Rinne CIÉ agus an forbróir comhaontuithe leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun forbairt 302 aonad cónaithe a thabhairt chun cinn. Tosaíodh á dtógáil siúd in 2024.



## Duga Spencer

Tugadh i gcrích an dara céim den obair ar Dhuga Spencer faoinar tógadh 40,000 méadar cearnach d'oifigí ina bhfuil an chuideachta Salesforce, óstán 200 seomra (Óstán an Samuel), agus 393 aonad cónaithe.



## Taobhlach Bhostún

Tá an áit a mbíodh Taobhlach Bhostún tráth suite i gceantar na gcuideachtaí teicneolaíochta (Silicon Docks mar a thugtar air) i mBaile Átha Cliath. Meastar go gcríochnófar ag tógáil an chéad scéim oifigí de ghrád platanaim thriaraigh in Éirinn faoi 2025.



## Stáisiún Uí Chonghaile

Is éard a bheidh san fhorbraíocht 'Áirse Bhaile Átha Cliath' limistéar 59,000 méadar cearnach ina mbeidh oifigí, óstán 200 leaba, agus 187 aonad cónaithe. De bharr na scéime sin, beidh feabhas mór ar na naisc leis an bpobal áitiúil agus is fearr an rochtain a bheidh ag daoine ar an stáisiún agus ar sheirbhísí iarnróid, i gcomhréir leis na cuspóirí atá ag Grúpa CIÉ i dtaobh forbairt atá dírithe ar iompar poiblí.



## Stáisiún Cheannt, Gaillimh, Céim 1


Tá cead pleanála tugtha i leith forbraíocht ilúsáide atá dírithe ar iompar poiblí ag Cnoc San Aibhistín, lena gcuimseofar forbraíocht mhór mhiondíola agus c. 376 aonad cónaithe ar thailte laisteas de Stáisiún Cheannt. Tá obair ar bun chun athfhorbairt mhór a dhéanamh ar Stáisiún Cheannt féin agus tá sé beartaithe na gnéithe sin d'fhorbairt Chnoc San Aibhistín atá gar don stáisiún a chríochnú ionas gur féidir an chéim thosaigh den fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí a chur i bhfeidhm an tráth céanna.



## Straitéis maidir le Tithíocht do Chách

Is é 'Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn' plean tithíochta an rialtais i leith na tréimhse go dtí 2030. Sa phlean sin, leagtar de chúram ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún dlús a chur le soláthar tailte stáit le haghaidh tithíochta, go háirithe tithíocht inacmhainne. Luaitear go sonrach ceithre ionad réadmhaoine ar le Grúpa CIÉ iad: Stáisiún Colbert i Luimneach, Oibreacha Inse Chór, an Chloch Leathan agus Garáiste Bhóthar Conyngham.

Tá Grúpa CIÉ ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun cabhrú le cuspóirí na straitéise a bhaint amach.




We are hiring!
www.dublinbus.ie/careers
PA 223
Stop 7856
52 60 C1 C2
C3 C4 C5
C6 P29 X25
X26 X27
X28 X30
X31 X32
221-D-5707

# Comhaltaí an Bhoird

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo.

| | | |
|---|---|---|
| Fiona Ross | Cathaoirleach CIÉ | Chríochnaigh a téarma an 25 Meitheamh 2024 |
| Aidan Murphy | Cathaoirleach CIÉ | Ceapadh é an 26 Meitheamh 2024 |
| James Doran | Comhalta is Oibrí | |
| Brian Fitzpatrick | Comhalta Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách | |
| Stephen Hannan | Comhalta is Oibrí | |
| Dermot Healy | Comhalta is Oibrí | |
| Miriam Hughes | Cathaoirleach Bhus Éireann | |
| Steve Murphy | Cathaoirleach Iarnród Éireann | Ceapadh é an 23 Eanáir 2024 |
| Niamh O'Regan | Comhalta Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách | |
| Liam O'Rourke | Comhalta Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách | |
| Gary Owens | Cathaoirleach Bhus Átha Cliath | |
| Fiona Sweeney | Comhalta Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách | |
| Tommy Wynne | Comhalta is Oibrí | |

## Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

Teileafón: + 353 1 703 2008

# Coistí an Bhoird

| Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Liam O'Rourke | Cathaoirleach |
| Brian Fitzpatrick | |
| Ray Gray | |

| Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Niamh O'Regan | D'éirigh sí as ról an Chathaoirligh an 29 Deireadh Fómhair 2024 |
| Fiona Sweeney | Ceapadh ina Cathaoirleach í an 30 Deireadh Fómhair 2024 |
| Brian Fitzpatrick | |
| Miriam Hughes | |
| Steve Murphy | (Ceapadh é an 14 Feabhra 2024) |
| Gary Owens | |

| Coiste Pinsean Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Fiona Sweeney | Cathaoirleach |
| Stephen Hannan | |
| Dermot Healy | |
| Niamh O'Regan | |
| Liam O'Rourke | |
| Cuireadh deireadh leis an gCoiste seo an 30 Deireadh Fómhair 2024. | |

| Coiste Luacha Saothair Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Brian Fitzpatrick | Cathaoirleach |
| Aidan Murphy | (Ceapadh é an 30 Deireadh Fómhair 2024) |
| Niamh O'Regan | |
| Fiona Ross | (Chríochnaigh a téarma an 25 Meitheamh 2024) |

| Coiste Straitéise Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Aidan Murphy | Cathaoirleach |
| Miriam Hughes | |
| Steve Murphy | |
| Gary Owens | |
| Bunaíodh an Coiste seo an 30 Deireadh Fómhair 2024. | |

| Coiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ | |
|---|---|
| James Doran | Cathaoirleach |
| Dermot Healy | |
| Liam O'Rourke | |
| Tommy Wynne | |
| Bunaíodh an Coiste seo an 30 Deireadh Fómhair 2024 in ionad Ghrúpa Comhairleach CIÉ um Inbhuanaitheacht. | |

# Grúpaí Comhairleacha

| Grúpa Comhairleach CIÉ um Inbhuanaitheacht | |
|---|---|
| Fiona Ross | Cathaoirleach |
| Éamonn Ballance | |
| Caoimhe Donnelly | |
| James Doran | |
| Sharon Flood | Scoir sí de bheith ina Comhalta Seachtrach an 25 Meitheamh 2024 |
| David Fox | (Ceapadh é an 14 Feabhra 2024) |
| Richard Manton | (Ceapadh é ina Chomhalta Seachtrach an 14 Feabhra 2024) |
| Lorcan O'Connor | |
| Colin Ward | |
| Cuireadh deireadh leis an nGrúpa Comhairleach seo an 30 Deireadh Fómhair 2024 agus bunaíodh Coiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ ina ionad. | |

| Grúpa Comhairleach CIÉ um Réadmhaoin | |
|---|---|
| Brian Fitzpatrick | Cathaoirleach |
| Aidan Cronin | |
| James Doran | |
| Frank Masterson | |
| Lorcan O'Connor | |
| Tommy Wynne | |
| Cuireadh deireadh leis an nGrúpa Comhairleach seo an 30 Deireadh Fómhair 2024. | |

## Iniúchóirí

Forvis Mazars,
Bloc 3,
Ionad Fhearchair,
Bóthar Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

## Aturnae

Paul Neary,
Bridgewater House,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

## Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

## Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| Lorcan O'Connor | Príomhfheidhmeannach, CIÉ |
| Billy Hann | Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath |
| Stephen Kent | Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann |
| Jim Meade | Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann |

# Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



## Aidan Murphy, Cathaoirleach

Ceapadh Aidan Murphy mar Chathaoirleach ar CIÉ ar feadh tréimhse cúig bliana le héifeacht ón 26 Meitheamh 2024. D'fhóin sé ar Bhord CIÉ cheana féin idir 2014 agus 2021. D'fhóin sé mar stiúrthóir ar bhord Bhus Éireann ó 2013 go 2021 agus bhí sé ina Chathaoirleach air ó 2014 go 2021. Ina theannta sin, bhí Aidan ar dhuine de chomhaltaí ainmnithe Bhord CIÉ de Choiste Scéim Aoisliúntais 1951 ó Iúil 2022 go Samhain 2023.

Tá taithí fhairsing ag Aidan mar ghairmí sa slabhra soláthair tar éis poist a bheith aige mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin Carlow Precast, mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Pulse Logistics, mar Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair ag Grúpa C&C, mar Bhainisteoir Ginearálta Wincanton Ireland, mar Cheann Grúpa Lóistíochta ag Fyffes plc agus mar Stiúrthóir Lóistíochta ag Allegro Group. Bhí roinnt stiúrthóireachtaí aige i gcuideachtaí mar Urban Green Private, Roadbridge Holdings, Lucey Transport Logistics, FLI Global, M&M Walshe Group agus Allegro. Bhí sé ina phríomhchainteoir ag roinnt imeachtaí slabhra soláthair Eorpacha, lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus tá sé ina Chomhalta agus ina iar-Uachtarán ar Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair Éireann.



## James Doran

Ceapadh James (Jimmy) Doran ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tá sé in Chathaoirleach ar Choiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ.

Rinne Jimmy a phrintíseacht san obair leictreach le CIÉ ó 1980-84 agus ansin, tar éis dó a bheith ag obair ar láithreacha tógála i Londain ar feadh sé bliana, d'fhill sé ar Éirinn in 1991 chun teacht ag obair mar leictreoir le Bus Átha Cliath i nGaráiste Chluain Tarbh. Is ansin atá sé ó shin

Toghadh Jimmy mar mhaor siopa i 1993 agus is an príomh-idirbheartaí do cheardchumann Connect é ar gach ceist i CIÉ, i mBus Átha Cliath, i mBus Éireann agus ar an gcoiste idirbheartaíochta d'Iarnród Éireann.

Is Iontaobhaí Pinsin de chuid na Scéime Pá Rialta é Jimmy tar éis dó a bheith tofa in 2022.

Tá sé ina chomhalta de Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta an Cheardchumainn Connect, ina chathaoirleach ar a Choiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Iompar, agus déanann sé ionadaíocht don cheardchumann ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) agus ar Ghrúpa Iompair ICTU.

Tá sé ina bhall de choiste Feidhmiúcháin Chomhairle Ceardchumann Bhaile Átha Cliath agus tá sé ina bhall de Choiste Beartais Speisialta Tithíochta Chomhairle Contae Fhine Gall.

Tá muintir Jimmy ag obair in earnáil an iompair phoiblí le trí ghlúin anuas agus tá an traidisiún céanna sin acu i leith gníomhaíochas sna ceardchumainn: bhí a sheanathair, Jimmy Doran eile, i measc bhunaitheoirí IES&FTU, réamhtheachtaí an cheardchumainn Connect, in 1920.



## Brian Fitzpatrick

Is cuntasóir agus gairmí airgeadais é Brian a bhfuil an-taithí aige sa réimse sin. Ceapadh ar Bhord CIÉ é i mí Aibreáin 2019 agus athcheapadh é i mí Aibreáin 2021. Faoi láthair tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Luacha Saothair Bhord CIÉ agus ar Ghrúpa Comhairleach CIÉ um Réadmhaoin. Is comhalta é freisin de Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ agus de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ.

Sular thosaigh sé ar Bhord CIÉ bhí Brian ina Stiúrthóir Airgeadais agus ina Rúnaí Cuideachta ar BAM Contractors Ltd, an chuideachta innealtóireachta sibhialta agus tógála is mó sa tír. D'éirigh sé as BAM in 2015 ach bhí sé fós ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin leis an gcuideachta sin go dtí mí na Nollag 2019, nuair a d'éirigh sé as an mBord. Chaith sé an chuid tosaigh dá ghairm san earnáil seirbhísí airgeadais mar Rialaitheoir Airgeadais le First National Building Society, nó First Active Plc mar a thugtar air anois.

Ina theannta sin, bhí Brian ina Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, an comhlacht Stáit atá freagrach as an maoiniú i gcomhair na nÚdarás Áitiúil agus na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a sholáthraíonn tithíocht shóisialta inacmhainne. Bhí sé ina Chathaoirleach buan ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtí gur scoir sé de Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta agus Airgeadais in 2021.



## Stephen Hannan

Athcheapadh Stephen Hannan ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé in SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Bhí sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina chomhalta den Choiste Rannán, agus ina Ionadaí Iosta i measc eile.



## Dermot Healy

Ceapadh Dermot ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001.

Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag Iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé ag obair le CIÉ in 1983 mar fhreastalaí sóisearach proinnchairr agus ansin bhog sé go Rannóg na bPaisinéirí Bóthair an bhliain dár gcionn agus é i róil amhail Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí ó 1991 i leith.

Tá páirt ghníomhach aige sa cheardchumann ina bhfuil sé, NBRU, ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraoibhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'Fhoireann Náisiúnta Caibidlíochta NBRU agus tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna Caidrimh Thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtaí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



## Miriam Hughes

Ceapadh Miriam ar Bhord CIÉ an 26 Aibreán 2022. Is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í, is Comhairleoir Gnó Straitéiseach Neamhspleách í agus is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í.

Ceapadh Miriam ina Cathaoirleach ar bhord Bhus Éireann i mí Feabhra 2022. Tá sí ina comhalta den bhord sin ó 2019 agus d'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird, mar chomhalta dá Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, dá Choiste Inbhuanaitheachta agus de Choiste Straitéise an Bhoird.

Tá Miriam ina Cathaoirleach Boird ar Chaighdeáin Fógraíochta na hÉireann faoi láthair, ina Cathaoirleach Boird ar Eir, ina Cathaoirleach ar thithe altranais CareChoice, ina Cathaoirleach agus ina banc lárnach atá faofa le haghaidh árachas Cornmarket agus Cathaoirleach agus ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Pluto.

Bhíodh Miriam ina Príomhfheidhmeannach ar DDFH&B, ceann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn, bhíodh sí ina Stiúrthóir Margaíochta le Nestlé, ina Ceannaire Cumarsáide le Banc na hÉireann agus bhí róil mhargaíochta eile aici le Smith & Nephew agus le AIB.

Is céimí de chuid UCD í Miriam agus tá céim Baitsiléara Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht aici. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Charthanas Barnardo's in Éirinn, ina hUachtarán ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, ina Cathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, ina comhalta de chomhairle Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, ina comhalta de bhord Fhoras Ospíse na hÉireann agus ina iarchomhalta de chomhairle Institiúid Bainistíochta na hÉireann.



## Steve Murphy

Ceapadh Steve Murphy ar bhord Iarnród Éireann an 15 Meitheamh 2023. Ceapadh é mar Chathaoirleach ar an 5ú Eanáir 2024 agus ceapadh é ar Bhord CIÉ ar 23 Eanáir 2024.

Bhí Steve Murphy ina POF do MTR UK ó 2020-2024, ag déanamh maoirseachta ar sheachadadh iomlán seirbhísí líne Elizabeth, ar an gcomhfhiontar ar Iarnród an Iardheiscirt agus ar ghnólachtaí nuathionscanta bonneagair agus forbartha réadmhaoine araon, atá deartha chun réitigh nua a thabhairt do Thionscal na Ríochta Aontaithe.

Bhí Steve i gceannas roimhe seo ar an gcomhlacht traenach MTR Elizabeth Line (MTREL) a bhuaigh duaiseanna mar Stiúrthóir Bainistíochta, ó bunaíodh é in 2015, ag baint amach stádas earnála den chéad áit do thomhais chomh leathan agus a bhaintear amach maidir le rith ama, caighdeáin sábháilteachta, éagsúlacht san ionad oibre agus seirbhís do chustaiméirí. Tá creidiúint tugtha do Steve mar an spreagthóir atá taobh thiar de scéal rathúlachta MTREL atá ag dul i méid.

Ó thús a ghairmréime os cionn 30 bliain ó shin mar oiliúnaí iarchéime de chuid Iarnród na Breataine agus tar éis róil cheannaireachta le Iarnróid Chiltern, Iarnród Éireann, Deutsche Bahn agus London Overground, bhí cur chuige Steve ina chatalaíoch d'fhás dinimiciúil sa Tionscal trí nuálaíocht leanúnach agus fócas gan staonadh ar shábháilteacht, iontaofacht agus seirbhís do chustaiméirí.



## Niamh O'Regan

Athcheapadh Niamh O'Regan ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2022. Tá sí ina comhalta de Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ agus Coiste Luacha Saothair Bhord CIÉ.

Is Comhchuntasóir Cairte de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann í Niamh, tar éis di oiliúint a fháil le PWC i mBaile Átha Cliath, i Londain agus sa Bhruiséil.

Tá taithí ghairmiúil ag Niamh ar bhreis agus 30 bliain lena n-áirítear mar Cheann Feidhmíochta Gnó i mBanc Barclays PLC, Londain agus mar Cheann Bainistíochta Gnó i mBanc Barclays Ireland PLC.

Tá 11 bliain de thaithí ag Niamh mar INED. Is INED lánaimseartha í agus i measc a stiúrthóireachtaí reatha eile tá Riverstone Insurance Ireland áit a bhfuil sí ina Cathaoirleach ar an mBord chomh maith le CACI (Credit Agricole Group) BBPM Life (Banco BBPM Group), Darnell (BNP Paribas Group), XL Re Europe SE (AXA Group) agus Drivalia (Credit Agricole Group).

Tá Niamh ceaptha freisin ag Rialtas na hÉireann ar an gCoiste Comhairleach in aghaidh na Coireachta Eacnamaíche agus an Éillithe.

Niamh holds recent credentials in Risk Management, Compliance, Insurance Law and as Certified Bank Director. Tá dintiúir ag Niamh le déanaí i mBainistíocht Riosca, Comhlíonadh, ESG agus Dlí Árachais agus mar Stiúrthóir Bainc Deimhnithe.



## Liam O'Rourke

Athcheapadh Liam O'Rourke ar Bhord CIÉ i Meán Fómhair 2024. Tá Liam ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ agus ina bhall de Choiste Inbhuanaitheachta CIÉ agus ina iarbhall de choiste Pinsean CIÉ. Tá sé ina Chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann ó 1988. Bhí poist shinsearacha feidhmiúcháin aige le cuideachtaí déantúsaíochta ilnáisiúnta na Stát Aontaithe le breis agus 30 bliain anuas agus bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais ar fhochuideachta Éireannach Champion Spark Plug Company. Tá taithí fhairsing aige ar Airgeadas, Státchiste, Pinsin, Acmhainní Daonna agus TFC. Bhí róil shinsearacha Airgeadais agus Rialachais aige laistigh den earnáil Forbartha Maoine. Faoi láthair tá comhairleacht phríobháideach ar leibhéal sinsearach á cur ar fáil i riachtanais Airgeadais agus Rialachais.



## Gary Owens

Ceapadh Gary Owens ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022. Tá sé ina Chathaoirleach freisin ar Choiste Straitéise agus Inbhuanaitheachta Bhord Bhus Átha Cliath.

Tá taithí fhairsing aige ar sheirbhísí airgeadais ar leibhéal an Bhoird agus an Fheidhmeannais Shinsearaigh agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Hibernian Insurance agus IFG Ireland. D'fhóin sé freisin mar Stiúrthóir Neamhspleách ar AIG Ireland agus AIG International, áit a raibh sé ina chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta. Tá Gary ina Stiúrthóir ar Leaseplan Insurances áit a raibh sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Riosca. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Diona DAC agus ICare Capital Partners.

Tá roinnt ról comhlíonta aige i réimse an spóirt: bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar Chumann Peile na hÉireann agus ar Lúthchleasaíocht Éireann araon agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Down Syndrome Ireland.

Is Árachóir Cairte é Gary agus tá sé ina chomhalta den Institiúid Árachais Cairte.



## Fiona Sweeney

Ceapadh Fiona Sweeney ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2019 agus athcheapadh í i mí Aibreáin 2022.

Tá sí ina Cahaoirleach ar Choiste Airgeadias agus Infheistíochta Bhord CIÉ. Is gairmí i réimse na hinfheistíochta í Fiona a bhfuil taithí níos mó ná 30 bliain aici sa tionscal bainistíochta sócmhainní. Bhí róil feidhmiúcháin agus boird aici i ngnóthais infheistíochta ceannródaíocha Éireannacha le 20 bliain anuas. Faoi láthair tá sí ina Príomhfheidhmeannach ar Evelyn Partners Investment Management (An Eoraip). Sna róil sin, bhí sí freagrach as straitéisí gnó éifeachtacha a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur chun feidhme. Tá an-eolas aici ar mhargaí pinsin agus infheistíochta, agus tá taithí mhór aici i réimsí an rialachais chorparáidigh agus na comhlíontachta. Tá Fochéim agus Céim Mháistir san Eacnamaíocht ag Fiona ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Dioplóma i Stiúradh Cuideachta bronnta ag Institiúid na Stiúrthóirí uirthi.



## Tommy Wynne

Athcheapadh Tommy Wynne ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus d'fhóin sé i róil éagsúla sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994.

Tá Ard-Dioplóma sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta Iarnróid ag Tommy ón Glasgow Caledonia University. Cháiligh sé mar Idirghabhálaí chomh maith agus tá sé cláraithe le hInstitiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII).

Bhí sé ina Uachtarán ar Rannóg TEAC in SIPTU ar feadh 12 bhliain agus faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Earnáil Iompair SIPTU. Is comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta SIPTU é.

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

## An Bord

Suas le dáréag Comhaltaí atá ar an mBord agus is é an Rialtas a cheapann iad. Tá ceathrar Oibrithe ina gComhaltaí Boird, arna gceapadh ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana, i ndiaidh toghchán i measc bhaill foirne Ghrúpa CIÉ. Tá cúigear Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus Cathaoirligh Bhus Átha Cliath, Bhus Éireann agus Iarnród Éireann ar an mBord freisin.

Buaileann comhaltaí an Bhoird le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus ag amanna eile de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó cinneadh a dhéanamh ina dtaobh, lena n-áirítear formheas a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, an buiséad, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí móra, infheistíochtaí, ceapadh Príomhfheidhmeannaigh agus mórbheartais Ghrúpa CIÉ. Tá próiseas cuimsitheach ag Grúpa CIÉ chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn tráthrialta. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid agus na réamhaisnéise ar bhonn tréimhsiúil.

Bíonn fáil ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí an Ghrúpa.

Amhail an 31 Nollaig 2024, ní raibh aon fholúntais Bhoird ann.

Bhí comhdhéanamh de 25% de na Comhaltaí baineanna agus 75% de na Comhaltaí fireanna ar an Bhord.Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit. Is faoin Rialtas atá sé Comhaltaí Boird CIÉ a cheapadh. Bíonn breithniú ar chothromaíocht inscne i measc ábhar eile san áireamh ag CIÉ ina chuid tuairimí a bhaineann le ceapacháin chuig an mBord.

Gan na Comhaltaí Oibrí a áireamh, ba é 38% baineann agus 62% fireann an comhdhéanamh an 31 Nollaig 2024.

## Coistí Boird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iad seo atá ann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (féach thíos), Coiste Luacha Saothair, Coiste Airgeadais agus Infheistíochta, Coiste Straitéise agus Coiste Inbhuanaitheachta.

### An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Eintitis mar a tharmligeann an Bord dó.

Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí lena n-áirítear Airgeadas, Iniúchóireacht nmheánach, Rúnaíocht Chuideachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht na Faisnéise, Pinsin, Imscrúduithe agus Éilimh, Inbhuanaitheacht agus Dlí. Ina theannta sin, tá an tEintiteas freagrach as comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó thaobh tuairiscithe agus rialachais i ndáil le Grúpa Cuideachtaí CIÉ.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CIR agus is beirt Comhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair, agus Comhalta seachtrach. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2024.

Áirítear leis na príomhdhualgais atá ar CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh Ghrúpa CIÉ leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste faireachán ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag Grúpa CIÉ.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, Forvis Mazars, in 2020 tar éis próiseas tairisceana. Mhol CIR don Bhord gur cheart Mazars a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024. Níorbh ann do cheanglais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a sholáthraíonn Forvis Mazars, tar éis a cheaptha chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúchóireachta dar luach €164k ar fáil don Ghrúpa in 2024. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann CIR go bhfágann cineál ná fairsinge

na hoibre breise ar tugadh fúithi go gcuirtear isteach ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe de chuid CIR agus buaileann siad leis an gCoiste ar bhonn bliantúil gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair chun féachaint chuige gur féidir leis na hiniúchóirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus córais bhainistíochta rioscaí Ghrúpa CIÉ trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca de chuid fhochuideachtaí oibríocha Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tráthrialta le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Coinníonn Cathaoirleach an ARC teagmháil rialta le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta agus Riosca fhochuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ.

Chomh maith leis sin, déanann CIR formheas ar chláir oibre na hiniúchóireachta inmheánaí do Ghrúpa CIÉ, buaileann sé go tráthrialta le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann CIR athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann sé moltaí maidir leis na gníomhaíochtaí rialaithe de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

### An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta (CAI)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CAI agus is seisear Comhaltaí Boird atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2024.

Déanann CAI faireachán ar infheistíocht straitéiseach fhéin-chistithe agus ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ agus pinsin.

### An Coiste Luacha Saothair

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Luacha Saothair agus is triúr Comhaltaí Boird atá air faoi láthair. Tháinig an coiste le chéile faoi dhó in 2024.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Luacha Saothair le cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le luach saothair Comhaltaí Boird, Phríomhfheidhmeannach CIÉ agus daoine a thuairiscíonn go díreach chuig Príomhfheidhmeannach CIÉ, agus pleanáil comharbais san Eintiteas.

### Coiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ

Bunaíodh an Coiste seo an 30 Deireadh Fómhair 2024. Tá Téarmaí Tagartha scríofa aige. Níor tháinig an Coiste le chéile in 2024.

### Coiste Straitéise Bhord CIÉ

Bunaíodh an Coiste seo an 30 Deireadh Fómhair 2024. Tá Téarmaí Tagartha scríofa aige. Níor tháinig an Coiste le chéile in 2024.

## Tuarascáil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá áthas orm tuarascáil an Choiste a chur i láthair, ina dtugtar léargas ar na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2024 agus ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí don bhliain 2025.

Tá an Coiste seo á rialú ag Téarmaí Tagartha cuimsitheacha scríofa, a bhfuil cóip díobh ar fáil ar shuíomh gréasáin CIÉ.

Ó thaobh maoirseachta de, braitheann an Coiste ar an obair a dhéanann Coistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí oibriúchán agus díríonn sé ar fheidhmiú an Chreata Bainistíochta Riosca ar fud an Ghrúpa agus ar na hábhair sin a mbeadh tionchar ábhartha acu ar Ghrúpa CIÉ.

Coinním teagmháil rialta le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí oibriúcháin i rith na bliana. Bhuaileamar go léir le chéile faoi thrí in 2024 agus fuair an Coiste tuarascáil bhliantúil ó Chathaoirligh gach ceann de Choistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí oibriúcháin ag a chruinniú an 23 Deireadh Fómhair 2024.

Is Comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin Boird nó Comhaltaí seachtracha iad comhaltaí uile an Choiste, agus tá taithí airgeadais le déanaí agus ábhartha ag an gCathaoirleach.

## Príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2024

Leanann an Coiste de phríomhról a bheith aige i dtaobh an rialachais agus déanann sé athbhreithniú thar ceann an Bhoird ar ábhair thábhachtacha a bhaineann le tuairisciú airgeadais, dearbhú rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus comhlíonadh dlíthe agus rialachán. Lean sé ar aghaidh ag díriú ar na hábhair sin in 2024. Bhí obair an Choiste dírithe freisin ar na rioscaí atá roimh an ngnó, ionas go bhféadfadh sé teacht ar thuiscint níos fearr ar chineál na rioscaí sin agus dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha gaolmhara.

Thug an Coiste faoi na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas in 2024:

### Gníomhaíochtaí feabhsaithe comhordaithe agus dearbhaithe:

- Idirchaidreamh leathnaithe le Coistí Iniúchóireachta agus Riosca cuideachtaí oibriúcháin uathrialaitheacha, ag éascú malartú faisnéise maidir lena bhfreagrachtaí neamhspleácha maidir le rialú inmheánach, bainistiú riosca agus córais dearbhaithe. Pléadh ábhair ábhartha le bainistíocht an Ghrúpa agus Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa (GIA). Is tosaíocht fheiceálach é an ról idirchaidrimh seo don Choiste, ag cinntiú comhordú éifeachtach agus feasacht riosca ar fud an Ghrúpa.
- Chuaigh siad i dteagmháil le GIA maidir lena straitéis fhadtéarmach agus thiomáin siad fócas leanúnach ar mholtaí iniúchta inmheánaigh oscailte agus thar téarma a réiteach ar fud an Ghrúpa.

## Inbhuanaitheacht agus Comhlíonadh Rialála:

- Cur i láthair faighte agus athbhreithnithe ar chreataí tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear anailís ar chásanna aeráide agus Tacsanomaíocht AE. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh go 2025 chun ullmhacht a chinntiú maidir le comhlíonadh na Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD).

## Cibearshlándáil agus Bainistíocht Riosca Gnó-Shonrach:

- Fuarthas faisnéisiú ar bhagairtí cibearshlándála, agus díríodh ar an earnáil iompair agus ar straitéisí bainistithe riosca an Ghrúpa.
- Athbhreithniú déanta ar rioscaí a bhaineann go sonrach le CIÉ Tours, bunaithe ar chur i láthair ón rannán.
- Rinneadh athbhreithniú ar straitéis árachais an Ghrúpa.

## Rialachais agus Beartais Nuashonruithe:

- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bheartais rialachais chorparáidigh na máthairchuideachta, lena n-áirítear Polasaithe Cosanta Sonraí, Frithéillithe agus Frith-Bhrioblóireachta, agus Nochtadh Cosanta.

## Iniúchadh agus Tuairisciú Riosca:

- Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana iniúchóireachta seachtraí.
- Athbhreithniú agus beachtú ar fhormáid tuairiscithe riosca a thionscnamh chun soiléireacht agus éifeachtacht a fheabhsú.

### Eile:

- Rinne sé measúnú ar phróifíl riosca tionscnamh straitéiseach nua, chun ailíniú le fonn riosca an Ghrúpa, lena n-áirítear Uasghrádú SAP ERP, bunú féideartha cuideachta árachais faoi chuing, an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta Corparáideacha.

## Rinneadh Breithiúnais Chuntasaíochta ar Nithe Tábhachtacha, Aithníodh Príomhbhoinn Tuisceana agus Rinneadh Meastacháin i gComhair Ráitis Airgeadais 2024

D'athbhreithnigh an Coiste na príomhbhoinn tuisceana agus na meastacháin is bonn leis na mór-réimsí breithiúnais seo a leanas mar a leagtar amach sna Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais seo:

- Gnóthas Leantach;
- boinn tuisceana pinsin i dtaobh FRS102 agus dliteanas pinsin;
- Soláthairtí i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra;
- Sócmhainní seasta inláimhsithe agus deontais chaipitil.

## Éifeachtacht an Choiste

Ceann de Théarmaí Tagartha an Choiste is ea go gcoinneoidh sé athbhreithniú leanúnach ar a fheidhmíocht. Rinne an Coiste athbhreithniú inmheánach ar a fheidhmíocht in 2024.

Bhunaigh an Coiste na tosaíochtaí seo a leanas do 2025:

- Maoirseacht chuimsitheach a choinneáil ar a Chlár Oibre Rollach agus ar a Théarmaí Tagartha.
- Comhoibriú láidir a chothú, lena n-áirítear comhroinnt eolais, ar fud an Ghrúpa, lena n-áirítear cumarsáid rialta agus malartú dea-chleachtais a éascú i measc Chathaoirligh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC).
- Tuiscint agus ullmhacht do thopaicí criticiúla a fheabhsú trí phlé domhain, obair forbartha, agus oiliúint spriocdhírithe agus cur i láthair iniúchóra sheachtraigh nó speisialtóra do phríomhréimsí, lena n-áirítear:
  - Beartas agus Rialachas na hIntleachta Saorga (IS)
  - An Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) agus Tacsanomaíocht AE
  - Cur i bhfeidhm Chóras Iniúchóireachta Inmheánaí Nua an Ghrúpa (GIA)
- Córas Bainistíochta Riosca Nua agus Úsáid Anailíseach Sonraí Feabhsaithe a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí eile an Choiste as a gcuid oibre agus a dtacaíocht i rith na bliana agus as an léargas a chuir siad ar fáil dom.



**Liam O'Rourke**
*Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ*

# Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá formheasta ag a mbord féin. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoin Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ, CIÉ Tours san áireamh (an tEintiteas). Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé formheasta ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air as a áirithiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus Bord CIÉ athbhreithniú ar an ráiteas seo lena áirithiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena áirithiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais,

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas.

## An Acmhainneacht i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá CIR ag an Eintiteas. De réir Chairt agus Téarmaí Tagartha an CIR, beidh ballraíocht comhdhéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt Chomhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin, iad go léir ceaptha ag Bord CIÉ agus beidh gach duine acu neamhspleách ar bhainistíocht, ar chathaoirleach Bhord CIÉ agus ar na hiniúchóirí seachtracha.

Ní féidir Cathaoirleach Bhord CIÉ ná aon Chomhalta Boird 10 a bhí ina fhostaí den Ghrúpa tráth ar bith le linn na dtrí bliana roimh an gceapachán a cheapadh ar an gCoiste. In éagmais Chathaoirleach an Choiste nó a ionadaí cuí-cheaptha, ceapfaidh na comhaltaí eile duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach ar an gcruinniú.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Eintiteas freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú le CIR.

Tá an bhainistíocht riosca laistigh de Ghrúpa CIÉ bunaithe ar Bheartas Riosca agus Prionsabail Ghrúpa CIÉ lena dtacaítear le sainorduithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ i dtaobh a bheith ag feidhmiú ina n-aonair, ar bhonn neamhspleách, agus a bheith ag feidhmiú le chéile de réir mar is gá i ndáil le saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu go léir.

Cuirtear san áireamh le Beartas Riosca agus Prionsabail Ghrúpa CIÉ ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus ceanglais na hEagraíochta um Chaighdeáin Idirnáisiúnta mar a leagtar síos in (ISO) 31000, Bainistíocht Riosca – Prionsabail agus Treoirlínte, agus breithnítear ina thaobh na treoirlínte dea-chleachtais a leagtar amach sa Treoir um Bainistíocht Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais (Feabhra 2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Déantar an fhreagracht as bainistíocht riosca laistigh de chuideachta Ghrúpa CIÉ a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Airgeadais nó chuig bainisteoir oiriúnach eile laistigh de gach cuideachta atá i gcuideachta Grúpa CIÉ. Tá an Creat Bainistíochta Riosca féin ag gach ceann de chuideachtaí Ghrúpa CIÉ, atá curtha in oiriúint do shainchuspóirí straitéiseacha na cuideachta agus atá formheasta ag bord na cuideachta.

## An Creat Bainistíochta Riosca

Is é an aidhm fhoriomlán atá le Creat Bainistíochta Riosca gach cuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ ná an próiseas chun riosca a bhainistiú a chomhtháthú i bpróisis bhainistíochta na cuideachta (rialachas, straitéis agus pleanáil iomlán, bainistíocht, tuairisciú, beartais, luachanna agus cultúr).

Is é an cuspóir atá leis a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-aithnítear agus go mbainistítear gach riosca intuartha a d'fhéadfadh cur isteach ar chuspóirí na cuideachta, agus go ndéantar na rioscaí a thuairisciú do Bhord na cuideachta áirithe sin agus go gcoinnítear Bord CIÉ ar an eolas go cuí faoi na Príomhrioscaí atá i gceist i gcás Ghrúpa CIÉ.

Déantar dearbhú riosca trí mheán na trí líne chosanta. Is é an phríomhdhifríocht atá idir na trí líne chosanta ná a leibhéil neamhspleáchais ar ghníomhaíochtaí oibríochta gach cuideachta agus ar an gcuideachta féin.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne chosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne chosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne chosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne chosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair ina gcuid rannóga.

Nuair a aithnítear rioscaí nua, sanntar iad d'úinéir riosca, is é sin ceann na rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl. Dearadh na bogearraí sin lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca atá freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as Táblaí Critéar Riosca a forbraíodh ionas go luafar an Grádú Riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh d'Fhonn Riosca an Eintitis, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

## Príomhrioscaí

Laistigh den phróiseas bainistíochta riosca is féidir leis na hÚinéirí Riosca ábhartha a chinneadh an gá díriú ar rioscaí aonair agus iad a chur ar a súile do lucht bainistíochta ar leibhéal níos airde. Chun é sin a bhaint amach, is féidir leo catagóir Príomhriosca a shannadh do roinnt rioscaí ionas go n-aithneofar iad ar fud Ghrúpa CIÉ mar phríomhriosca don chuideachta. Má tá an rátáil riosca iarmharach, is é sin rátáil an riosca i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí maolaithe atá i bhfeidhm cheana féin, os cionn leibhéal sonrach meastar sa ghnáthchúrsa gur Príomhriosca é agus is mar sin a thuairiscítear é. Má tá an rátáil faoi bhun an leibhéil a shonraítear, féadfaidh Úinéir an Riosca é a chur i gcatagóir na bPríomhrioscaí freisin má mheasann sé nó sí gur gá sin chun aird a dhíriú ar an riosca.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Bíonn gach riosca nua a aithnítear agus Príomhrioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí a dhéanann lucht feidhmiúcháin na cuideachta cuí de chuid CIÉ ag a gcruinnithe míosúla.

Clúdaítear na nithe seo a leanas sna tuarascálacha tréimhsiúla:

- Príomhrioscaí;
- Athruithe ar Phríomhrioscaí;
- Rioscaí Nua-aitheanta;
- Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn;
- Forbhreathnú ar Iomlán Rioscaí an Eintitis; agus
- Rioscaí a sháraíonn an fonn riosca agus bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuarascáil faoi Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta – más infheidhme – faoi bhráid CIR i gcomhréir leis an bPlean Riosca bliantúil, agus bíonn Tuairiscí faoi Mhionsonraí na Rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear tuarascáil faoi Phríomhrioscaí Ardleibhéil uile an Ghrúpa, lena n-áirítear gnáthrioscaí agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an Bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs Ghrúpa CIÉ ar fad. Sonraítear sa tuarascáil sin an stádas i leith Fonn Riosca agus an fheidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta, agus cuirtear faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca CIÉ agus Bhord CIÉ í gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na rioscaí ag gabháil léi.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh sa chóras rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus do Bhord CIÉ, nuair is cuí.

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.
- Rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sanntá; agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Chomh maith leis na Príomhrioscaí agus na Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, déantar na rioscaí ar fad atá os comhair an Ghrúpa a athbhreithniú agus a chatagóiriú laistigh de chomhstruchtúr rioscaí agus comhroinntear an fhaisnéis chun cuidiú leis an mbainistíocht riosca ar fud Ghrúpa CIÉ. Úsáidtear tagarmharc seachtrach domhanda, ar ceann neamhspleách é, chun na rioscaí a ghrúpáil ina gcatagóirí. Déantar iadsan a shórtáil ansin in ord tosaíochta. Ba iad na trí riosca arbh airde tosaíochta in 2023 ná Cibeartheagmhais, Cur isteach ar Ghnó agus Forbairtí Maicreacnamaíoch. Comhroinntear na rioscaí sin ar fud Ghrúpa CIÉ ansin chun féachaint chuige gur de réir an dea-chleachtais a dhéanfar iad a ghrádú agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

## Soláthar

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige lena áirithiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha i dtaobh soláthair.

Ní dhearnadh aon ordú ceannaigh neamhchomhlíontacha le luach iomlán os cionn €25k a phróiseáil in 2024.

## Príomhrioscaí

| Catagóirí Príomhriosca | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Riosca** | **Bearta Maolaithe** |
| **Inbhuanaith-eacht** | An riosca go mbeidh gá níos mó le hacmhainní agus le bonneagar chun freastal ar riachtanais atá ag dul i méid i dtaobh aeráide agus tuairisciú agus nochtadh ar an inbhuanaitheacht | • Tá oiliúint curtha ag an bhfoireann Inbhuanaitheachta ar Chuideachtaí Ghrúpa CIÉ maidir leis na ceanglais a chuirfear i bhfeidhm i leith Thacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh<br>• Cur i bhfeidhm clár bogearraí bainistíochta sonraí inbhuanaitheachta ar fud Ghrúpa CIÉ<br>• Tacaíocht ó shaineolaithe i leith tuairisciú sonraí, príomhtháscairí feidhmíochta agus bainistíocht láraithe an tuairiscithe |
| | Athrú a bheith ag teacht ar riachtanais bhonneagair chun teicneolaíocht flít nua a chur i bhfeidhm | • Measúnachtaí riosca ar thionscadail<br>• Measúnú ar riachtanais oiliúna<br>• Tá acmhainní breise curtha i bhfeidhm agus tá maoiniú sannta dóibh |
| | Creimeadh cósta gar do na bealaí atá ann cheana féin | • Faireachán leanúnach ar riocht an bhonneagair ar fad<br>• Obair chothabhála choisctheach agus cheartaitheach déanta<br>• Maoiniú sonrach faighte le haghaidh obair thionscadail |
| **Cibearshlándáil agus Teicneolaíocht** | Riosca i dtaobh haiceála, bogearraí mailíseacha nó fioscaireachta | • Beartais agus straitéisí slándála TF i bhfeidhm<br>• Bíonn na cibearbheartais faoi réir iniúchtaí rialta a dhéanann tríú páirtí chun féachaint chuige go bhfuil siad stuama<br>• Reáchtálann an Grúpa cruinnithe míosúla TF agus teileachumarsáide chun rioscaí agus Comhaontuithe Seirbhíse a athbhreithniú<br>• Criptiú gléasanna soghluaiste<br>• Oiliúint agus feasacht rialta ar chúrsaí cibearshlándála atá curtha in oiriúint do róil agus freagrachtaí sonracha<br>• Déantar cleachtaí athshlánaithe mar fhreagairt ar chibeartheagmhais<br>• A chinntiú go bhfuil gach socrú cuí slándála i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta agus cothabhála<br>• Árachas agus tacaíocht theicniúil i bhfeidhm i gcás teagmhais |
| | An riosca nach mbeidh acmhainní leordhóthanacha cibearshlándála ann | • Teagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha lena chinntiú go bhfuil feasacht ar na hacmhainní is gá chun cibearshlándáil leordhóthanach a bheith i bhfeidhm |
| | Maoiniú chun teicneolaíocht chúloifige a athsholáthar | • Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí chun aird a dhíriú ar an maoiniú atá de dhíth chun córais a uasghrádú |
| **Airgeadas** | Maoiniú neamhleor chun gnó a choinneáil ar bun agus a fhorbairt | • Rannpháirtíocht geallsealbhóirí lena chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir leis an maoiniú riachtanach<br>• Monatóireacht ar Chonarthaí Ollchostais le haghaidh gníomhaíochtaí OSP<br>• Pleanáil airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála chun faireachán a dhéanamh ar thuairisceáin<br>• Seomra cinn leachtachta chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh<br>• Rialuithe airgeadais inmheánacha |
| | Bagairt ar chobhsaíocht airgeadais Ghrúpa CIÉ ón dliteanas pinsin le sochar sainithe | • Moltaí na Cúirte Oibreachais a chur i bhfeidhm i leith Scéim Aoisliúntais 1951.<br>• Pleanáil straitéiseach fhadtéarmach chun an riosca bunúsach i soláthar pinsin sochair shainithe a bhainistiú<br>• Teagmháil le hionadaithe fostaithe agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun pleananna a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar riosca |
| | Feidhmíochtaí tráchtála a chur i gcrích | • Monatóireacht leanúnach ar fheidhmíochtaí tráchtála<br>• Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus lucht maoinithe lena chinntiú go mbeidh lántuiscint acu ar na tionchair fhéideartha agus ar na bearta maolaithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm<br>• Athbhreithnithe ar bhealaí, lena n-áirítear taithí na gcustaiméirí, ioncam agus costas<br>• Pleananna teagmhasacha láidre a fhorbairt chun imeachtaí ardtionchair agus dóchúlachta ísle |

| Catagóirí Príomhriosca | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Riosca** | **Bearta Maolaithe** |
| **Sábháilteacht agus Sláinte** | Imbhualadh/teagmhas ardluais | • Tá córais bainistíochta sábháilteachta agus nósanna imeachta i dtaobh oibríocht shábháilte i bhfeidhm<br>• Cuirtear oiliúint ar thiománaithe agus soláthraítear oiliúint leanúnach inniúlachta de réir na rialachán<br>• Tá beartais tástála le haghaidh drugaí agus alcóil i bhfeidhm<br>• Tá córais á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre chun luas a laghdú agus maolú a dhéanamh ar an mbaol ag crosairí comhréidhe<br>• Iniúchtaí teicniúla rialta ar chrosairí comhréidhe<br>• Déantar athbhreithniú agus anailís ar mhórtheagmhais chun ceachtanna a fhoghlaim uathu agus na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm |
| | Iompraíocht fhrithshóisialta | • Tá straitéis slándála forbartha<br>• Soláthraíodh acmhainní breise slándála ar bhealaí sonracha |
| **Daoine** | Dúshlán maidir le baill foirne a choinneáil agus baill foirne nua a earcú | • Anailís ar bhearnaí chun acmhainní a bheidh ag teastáil amach anseo a aithint<br>• Pleanáil comharbais<br>• Feachtais earcaíochta agus laethanta oscailte a reáchtáil<br>• Freastal ar aontaí earcaíochta |
| **Comhlíonadh** | An baol go ngearrfaí fíneálacha/ pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh na rialachán agus na dtreoracha | • Oiliúint agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun féachaint chuige go gcomhlíonfar na ceanglais go léir<br>• Grúpaí oibre idirchuideachta a bhunú chun rialuithe agus próisis a athbhreithniú agus sonraí fúthu a roinnt<br>• Teagmháil le páirtithe leasmhara chun aon bhearnaí maidir le ceanglais rialála a chomhlíonadh a réiteach |

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfar athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht Chreat Bainistíochta Rioscaí gach Comhlachta Stáit.

Fostaíodh Forvis Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Eintitis i mí Mheán Fómhair 2020 agus beidh an chéad athbhreithniú eile le críochnú in 2025.

Fuarthas go raibh an Cód á chomhlíonadh ag an Eintiteas.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann an tEintiteas ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bunaítear iad ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, an obair a dhéanann CIR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta san Eintiteas atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhníonn an tEintiteas go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an Chreata Bainistíochta Rioscaí in 2024 de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach, i dtaobh caillteanais ábhartha ná i dtaobh calaoisí i leith na bliana 2024 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Cé nár aithníodh sa bhliain reatha aon laigí sna rialuithe inmheánacha a léiríonn tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais i leith na bliana 2024 ná blianta ina diaidh sin, tá an Bord agus an lucht bainistíochta fós san airdeall ar laigí rialaithe agus fáiltíonn siad roimh aiseolas trí iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus réimsí eile faireacháin agus athbhreithnithe leanúnaigh, i ndáil le moltaí faoi conas córas rialaithe inmheánaigh an Eintitis a fheabhsú. Fiosraíonn an tEintiteas gach tuairisc den sórt sin agus cuireann sé bearta i bhfeidhm go pras ar bhonn na moltaí.

## Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2024.

| Comhalta Boird | Nóta | Bord CIÉ | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta | An Coiste Pinsean | Coiste Luacha Saothair an Bhoird | An Grúpa Comhairleach um Réad-mhaoin | An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aidan Murphy | 1 | 4/4 | | | | 1/1 | | |
| Fiona Ross | 2 | 3/3 | | | | 1/1 | | 2/2 |
| Jimmy Doran | | 7/7 | | | | | 6/6 | 2/2 |
| Brian Fitzpatrick | | 7/7 | 7/7 | 5/5 | | 2/2 | 6/6 | |
| Stephen Hannan | | 7/7 | | 5/5 | 5/5 | | | |
| Dermot Healy | | 7/7 | | | 5/5 | | | |
| Miriam Hughes | | 7/7 | | 3/5 | | | | |
| Steve Murphy | 3 | 5/7 | | 1/5 | | | | |
| Gary Owens | | 7/7 | | 5/5 | | | | |
| Niamh O'Regan | | 5/7 | | 5/5 | 3/5 | 1/2 | | |
| Liam O'Rourke | 4 | 7/7 | 7/7 | | 5/5 | | | |
| Fiona Sweeney | | 7/7 | | 4/5 | 5/5 | | | |
| Tommy Wynne | | 6/7 | | | | | 5/6 | |

1 Cuireadh tús le téarma Aidan Murphy ar Bhord CIÉ 26 Meitheamh 2024.

2 Chuaigh téarma Fiona Ross ar Bhord CIÉ in éag ar an 25 Meitheamh 2024.

3 Cuireadh tús le téarma Steve Murphy ar Bhord CIÉ an 23 Eanáir 2024.

4 Tháinig deireadh le téarma Liam O'Rourke ar Bhord CIÉ ar an 3 Meán Fómhair 2024 agus tháinig sé chun cinn arís ar an 4 Meán Fómhair 2024

# Gnóthas Leantach

## Easnamh sa Scéim Pinsin

Tá dúshlán suntasach ag an nGrúpa nach mór aghaidh a thabhairt air fós san easnamh pinsin amhail an 31 Nollaig 2024 de €361m, ar dliteanas meántéarmach go fadtéarmach é. Tá sé mar thosaíocht ag an mbainistíocht agus ag an mBord a chinntiú go bhfuil socruithe pinsin don fhoireann agus don Ghrúpa slán agus inacmhainne.

Ó thaobh gnóthais leantaigh de, a ghlacann léargas níos giorra de bheagán os cionn dhá mhí dhéag, tá sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag CIÉ chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus nach mbeidh tionchar ag staid an easnaimh phinsin orthu.

## Éiginnteachtaí Eacnamaíocha Domhanda

Tá éiginnteacht gheopholaitiúil fós ina riosca ar leibhéal eacnamaíoch domhanda agus bíonn tionchar aige sin ar rioscaí gnó áirithe don Ghrúpa. Cé go bhfuil maolú tagtha ar rioscaí amhail slándáil fuinnimh agus suaitheadh sa slabhra soláthair, tá an poitéinseal maidir le luaineacht amach anseo fós ina ábhar imní agus méadaítear imní maidir le cibearshlándáil sa timpeallacht reatha freisin. Cé gur éirigh le beartais airgeadaíochta ar fud an domhain le déanaí aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an éiginnteacht reatha maidir le taraifí trádála ar chumas caiteachais do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

## Gníomhaíochtaí Tráchtála

Thuill an Grúpa barrachas €12m in 2024 óna ghníomhaíochtaí tráchtála.  Gin Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus CIÉ Tours brabúis tráchtála, agus thuairiscigh gnó na Luasbhealaigh i mBus Éireann easnamh foriomlán don bhliain.

Tá an Buiséad do 2025 maidir le gníomhaíocht Tráchtála socraithe ag staid bharrachais don Ghrúpa agus tá an Bord sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnólachtaí trína n-oibríochtaí.

## Seirbhísí OSP

Le linn 2024, d'oibrigh na trí chuideachta oibriúcháin Bus Átha Cliath (BÁC), Bus Éireann (BÉ) agus Iarnród Éireann (IÉ) seirbhísí iompair phoiblí thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) ar bhonn conartha ollchostais. Faoi na conarthaí seo bailítear ioncam ó phaisinéirí thar ceann an NTA agus aisíoctar na cuideachtaí oibriúcháin as costas na seirbhísí a sholáthraítear.

Comhaontaíodh pleananna seirbhíse do 2025 leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe riachtanaigh chun costais chomhaontaithe na bpleananna seo a íoc. Shínigh an dá Chuideachta Bhus DACanna nua cúig bliana i mí na Nollag 2024 a shíneoidh go dtí mí na Nollag 2029.

Ní théann Conradh Dámhachtana Dírí IÉ in éag go dtí 2029.

### Bainisteoir Bonneagair Conradh Ilbhliantúil (MAC)

Tá an Bainisteoir Bonneagair (IM) maoinithe faoin MAC.

Síníodh conradh cúig bliana (2020 -2024) in 2019. Chuir an conradh seo maoiniú iomlán ar fáil don IM.

Cuireadh síneadh bliana eile le conradh 2020-2024 i mí na Nollag 2024 go dtí deireadh 2025. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn Iompair go gcuirfear an maoiniú sa chonradh ar fáil don IÉ ar feadh thréimhse an chonartha.

Tá an IM ag súil le conradh nua cúig bliana a shíniú leis an Roinn Iompair in 2025.

## Seirbhísí Iompair Scoile

Bainistíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit.

Le linn 2024, lean líon na leanaí a bhaineann leas as iompar scoile ag fás agus chuir an Roinn Oideachais (RO) maoiniú breise ar fáil chun seirbhísí a mhéadú chun freastal ar na nithe seo a leanas:

- Méadú 5.7% ar líon iomlán na ndaltaí ag deireadh 2024 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023.
- An méadú leanúnach ar éileamh ar sheirbhísí de réir na RO ag tairiscint táillí laghdaithe go suntasach don scoilbhliain 24/25.
- Fógraíodh roinnt seirbhísí píolótacha a dhéanann triail ar chritéir cháilitheachta athbhreithnithe mar chuid d'Athbhreithniú na Scéime Iompair Scoile.
- An méadú leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu – 21,900 in 2024, méadú 9% ar 2023.
- Soláthar leanúnach agus méadaithe seirbhísí iompair scoile do leanaí na hÚcráine agus beagnach 6,900 ag baint leasa as iompar faoi dheireadh 2024.

## Leachtacht

Tá iarmhéid airgid glan €310m ag an nGrúpa faoi láthair amhail an 31 Nollaig 2024.

Amhail an 31 Nollaig 2024, tá comhaontú saoráide baincéireachta tiomanta i bhfeidhm ag an nGrúpa go dtí Bealtaine 2029. Is é €80 milliún an méid neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráid chreidmheasa imrothlach tiomanta an Ghrúpa.

Tá an bhainistíocht ag súil go leanfaidh an Grúpa dá oibleagáidí agus dá chúnaint airgeadais a chomhlíonadh faoin gcomhaontú don tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird



**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*



**Liam O'Rourke**
*Comhalta Boird*

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) agus Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Ceanglaíonn reachtaíocht ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais do 2024 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, eisithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Eintitis agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.
- Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:
- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird



**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*



**Liam O'Rourke**
*Comhalta Boird*

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

## Don Aire Iompair i Leith Chóras Iompair Éireann

## Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Tá ráitis airgeadais Córas Iompair Éireann ("an Eintiteas") agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa") don bhliain ag críoch 31 Nollaig 2024 a chuimsíonn, an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais; an Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach; an Clár Comhardaithe Eintitis agus Comhdhlúite; an Ráiteas Comhdhlúite agus Eintitis um Athruithe ar Chothromas; an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid; agus na nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais an Entitis agus an Ghrúpa, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1. Is iad an tAcht Iompair, 1950 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102) an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm á n-ullmhú.

### Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir maidir leis an Iniúchadh ar na ráitis airgeadais dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an Eintiteas agus ar an nGrúpa de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil do Iniúchóirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na Comhaltaí Boird ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Eintitis agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Comhaltaí Boird maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Faisnéis eile

